Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9406/22**
**ADD 1**

**ECOFIN 472**
**UEM 107**
**SOC 287**
**EMPL 182**
**COMPET 369**
**ENV 474**
**EDUC 164**
**RECH 272**
**ENER 200**
**JAI 713**
**GENDER 44**
**ANTIDISCRIM 28**
**JEUN 60**
**SAN 290**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 615 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>Tuarascáil Tíre 2022 – Éire a ghabhann leis an doiciméad Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hÉireann 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 615 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 615 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.5.2022
SWD(2022) 615 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**Tuarascáil Tíre 2022 – Éire**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Clár Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hÉireann 2022**

{COM(2022) 615 final} - {SWD(2022) 640 final}

European Commission

# Ireland

## 2022 Country Report



# LÉARGAS EACNAMAÍOCH AGUS FOSTAÍOCHTA

## D'éirigh go maith le geilleagar na hÉireann teacht slán tríd an bpaindéim

**D'éirigh go maith le geilleagar na hÉireann roimh ghéarchéim COVID-19.** Tháinig téarnamh mór ar an tír tar éis na géarchéime airgeadais domhanda, agus tháinig méadú 9.8 % ar an bhfíor-OTI in aghaidh na bliana ó 2014 go 2019 ar an meán. In 2019, b'ionann OTI per capita na hÉireann agus 231 % de mheán an Aontais, an dara figiúr is airde san Aontas. Da bhrí sin, bhí a fheidhmíocht eacnamaíoch láidir mar a chuaigh sé isteach sa phaindéim.

**Ba í Éire an t-aon tír san Aontas a sheachain cúlú eacnamaíochta le linn na paindéime, mar gur chuir feidhmíocht láidir cuideachtaí ilnáisiúnta dlús leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch.** Tá ceanncheathrú roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta móra lonnaithe in Éirinn, agus tháinig fás mór ar a ngnó le linn na paindéime. Bhí a n-easpórtálacha – go háirithe easpórtálacha cuideachtaí i réimsí na faisnéise agus na teileachumarsáide, agus na cógaisíochta – ina gcúis le leathnú eacnamaíoch na hÉireann in 2020 agus 2021. Le linn na tréimhse sin, ní raibh cuideachtaí intíre ag teacht le feidhmíocht cuideachtaí ilnáisiúnta. Chun nádúr déach gheilleagar na hÉireann a léiriú, tháinig méadú 23.1 % ar an oll-bhreisluach in earnálacha a bhfuil cuideachtaí ilnáisiúnta go mór chun cinn iontu in 2020, agus tháinig laghdú 8.7 % air in earnálacha eile. Léirítear é sin freisin in éagothromaíochtaí móra idir réigiúin atá ina n-óstach do chuideachtaí ilnáisiúnta (na ceantair i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus máguaird) agus réigiúin arb iad cuideachtaí beaga agus meánmhéide atá faoi úinéireacht Éireannach is mó atá iontu ([1]). Ar an iomlán, d'fhás fíor-OTI na hÉireann faoi 5.9 % in 2020 agus arís faoi 13.5 % in 2021. Gan cuideachtaí ilnáisiúnta a áireamh, arb iad is cúis le sciar suntasach d'OTI agus d'fhás na hÉireann, bhí ollioncam náisiúnta (OIN*) modhnaithe per capita na hÉireann ([2]), fós ag 140 % de OTI per capita an Aontais in 2020. Tá an t-ionchas maicreacnamaíoch dearfach fós, agus tuartar go bheidh fás iarbhír 5.4 % in 2022 agus 4.4 % in 2023 ar OTI.

**Tháinig an margadh saothair go réasúnta slán as an bpaindéim, ach tá ganntanas lucht saothair ag teacht chun cinn an athuair cheana féin.** Cé gur thit líon iomlán na n-uaireanta an chloig a oibríodh níos mó ná 9 % in 2020, laghdaigh scéimeanna tacaíochta rialtais tionchar na gníomhaíochta laghdaithe ar fhostaithe ([3]) agus ar chuideachtaí. I mí an Mhárta 2022, ba é 5.5 % an ráta dífhostaíochta. Is iad na daoine a bhí ag obair in earnálacha ina dteastaíonn teagmháil fhisiciúil (e.g. tógáil, fáilteachas) agus na daoine sin a raibh poist acu nach bhfuil de dhíth ina leith ach scileanna ísle is mó ar chuir cailliúint post isteach orthu le linn na paindéime. Mar sin féin, le hathoscailt an gheilleagair go luath in 2022 ([4]), tháinig méadú tapa ar an

---

(1) Sna figiúirí is déanaí atá ar fáil, le hagahidh 2019, bhí an t-oll-bhreisluach in aghaidh an duine i mBaile Átha Cliath níos mó ná ceithre oiread an bhreisluacha i Lár na Tíre.

(2) Léiríonn OIN* caighdeáin ioncaim chónaitheoirí na hÉireann níos cruinne ná OTI.


(3) An Coimisiún Eorpach (2021) Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar Euro (QREA), Iml. 20, Uimh. 4, Caibidil I.

(4) Tar éis beagnach 2 bliain de shrianta tromchúiseacha chun paindéim COVID-19 a shrianadh, agus le leibhéil níos airde srianta paindéime ag Éirinn ná mar a bhí ag formhór na mBallstát eile, i mí Eanáir 2022 d'fhógair an rialtas deireadh le céim éigeandála na paindéime agus dhearbhaigh sé go gcuirfí deireadh le formhór na mbeart srianta paindéime.

bhfostaíocht agus laghdú mór ar spleáchas ar scéimeanna tacaíochta a bhaineann le fostaíocht. An tráth céanna, tá méadú tagtha ar líon na mban atá ag obair nó ag lorg oibre de bharr an aistrithe chuig an gcianobair, agus shroich a rannpháirtíocht sa lucht saothair 72 %, an leibhéal is airde riamh (féach Graf 1.1). Tá coinne leis go leanfaidh cruthú post ar aghaidh in 2022 de réir mar a mhéadóidh an geilleagar. Tá ganntanas saothair a bhaineann le gairmeacha ardoilte agus poist ar bheagán oiliúna i seirbhísí agus i dtógáil tar éis teacht chun cinn cheana agus tá pá do na hoibrithe sin ag dul i méid. An tráth céanna, tá an pá íosta EUR 10.50 in aghaidh na huaire fós faoi bhun an íosphá maireachtála ([5])EUR 12.90 in aghaidh na huaire. Tá roinnt grúpaí leochaileacha – go háirithe teaghlaigh aontuismitheora agus daoine faoi mhíchumas – i mbaol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, agus is minic gur mó an baol dóibh mar gheall ar dheacrachtaí maidir le bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus fostaíocht a fháil. Tá sé thar a bheith tábhachtach grúpaí a bhfuil rátaí fostaíochta níos ísle acu a chomhtháthú go tapa sa lucht saothair, go háirithe mná neamhghníomhacha, daoine ar bheagán oiliúna, tuismitheoirí aonair agus daoine faoi mhíchumas (féach freisin Iarscríbhinn 12 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta).

([5]) Mar a ríomh an tsochaí shibhialta ag baint úsáid as an gcur chuige maidir leis an gCaighdeán Íosta Fíor-riachtanach Maireachtála.

Graf 1.1: **Ráta Rannpháirtíochta na mBan**




***Foinse:*** Eurostat

## Den chuid is mó, beidh tionchar maicreacnamaíoch indíreach ag ionradh na Rúise ar an Úcráin

**Ós rud é go bhfuil trádáil an-teoranta agus naisc airgeadais dhíreacha theoranta ag geilleagar na hÉireann leis an Rúis, tá coinne leis go mbainfidh aon tionchar diúltach le héifeachtaí indíreacha.** Baineann 0.4 % d'easpórtálacha earraí na hÉireann agus 0.6 % d'iompórtálacha earraí leis an Rúis, agus iad comhdhlúite i réimsí na bithchógaisíochta agus na leasachán, faoi seach. Maidir le cuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn, is iad cuideachtaí a dhéanann eitleáin a léasú a bhraitheann an tionchar is mó mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, toisc gur glacadh seilbh ar a gcuid eitleán sa Rúis. Mar sin féin, níl tionchar aige sin ar níos mó ná 5 % dá bhflít trí chéile. Maidir leis an earnáil fuinnimh, braitheann Éire beagnach go heisiach ar iomportálacha fuinnimh ón Ríocht Aontaithe. D'ainneoin na naisc dhíreacha an-teoranta sin leis an Rúis, tiocfaidh moilliú indíreach ar an bhfás in Éirinn trí gheilleagair Eorpacha eile, geilleagair a bhíonn sí ag trádáil go mór leo, chomh maith le trí ardú atá ar phraghsanna fuinnimh domhanda agus trí ghanntanais soláthair i gcás earraí áirithe. Beidh caiteachas sóisialta breise ag teastáil

de bharr an tsrutha féideartha daoine isteach ón Úcráin, líon daoine a mheasann údaráis na hÉireann le bheith ag thart ar 80 000-100 000 duine, ach d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag an sruth freisin ar mhargadh saothair teann na hÉireann, i bhfianaise an chirt chun oibre do dhaoine easáitithe as an Úcráin. Tá neamhchosaintí suntasacha ar an Rúis ag earnáil airgeadais na hÉireann, neamhchosaintí a mheastar ag thart ar EUR 49 billiún. Mar sin féin, tá EUR 37 billiún de sin i seilbh eintitis shainchuspóireacha a oibríonn cuideachtaí nó bainc Rúiseacha, a bhfuil naisc an-teoranta acu nó nach bhfuil aon nasc díreach acu le geilleagar na hÉireann. Tá EUR 11.5 billiún de neamhchosaintí Rúiseacha i seilbh cistí infheistíochta atá lonnaithe in Éirinn – arb ionann iad agus 0.3 % dá sócmhainní iomlána – agus is bannaí rialtais na Rúise EUR 5.1 billiún de na neamhchosaintí sin. Níl naisc shuntasacha dhíreacha ag bainc intíre na hÉireann leis an Rúis, ach d'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith ag na héifeachtaí maicreacnamaíocha indíreacha thuasluaite agus ag naisc airgeadais orthu.

**Faoi mar atá i mBallstáit eile, tá ardú ar phraghsanna fuinnimh tar éis an boilsciú a spreagadh, rud atá ag dul in olcas mar gheall ar an ionradh.** Mar thoradh ar phraghsanna ola agus gáis níos airde, chomh maith le scrogaill soláthair d'earraí nó dá gcomhpháirteanna, tháinig méadú ar an mboilsc in 2021. I mí Feabhra 2022, bhí an t-innéacs comhchuibhithe le haghaidh praghsanna do thomhaltóirí 5.7 % níos airde ná bliain roimhe sin, i gcomhréir leis an meán de 5.8 % sa limistéar euro. Tá an boilsciú le leanúint de bheith ag méadú in 2022 agus praghsanna arda fuinnimh agus scrogaill soláthair ann i gcónaí, agus d'fhéadfadh sé go dtosóidh arduithe ar phá ag cur le brúnna praghsanna. I bhfianaise an sciar mór de bharra agus de tháirgí bia eile atá á dtáirgeadh ag an Úcráin agus ag an Rúis, tá méadú tagtha cheana féin ar phraghsanna bia san Eoraip. Mar gheall ar an mboilsciú níos airde, atá á spreagadh go príomha ag costais fuinnimh atá ag ardú, cuirtear ualach níos troime ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste (teaghlaigh ar ioncam níos ísle, teaghlaigh tuaithe agus teaghlaigh níos sine san áireamh), toisc gur sciar níos airde dá gcaiteachas foriomlán a bhíonn i gceist lena gcaiteachas a bhaineann le fuinneamh de ghnáth. Tuartar go mbeidh an boilsciú cothrom le 6.1 % in 2022 agus go laghdófar é go 3.1 % in 2023.

## Léiríodh go raibh an t-airgeadas poiblí inbhuanaithe le linn dúshlán


**Bhí airgeadas poiblí na hÉireann in áit mhaith chun dul i ngleic le tionchar phaindéim COVID-19.** In 2019, bhí barrachas ina chuntais ag an rialtas, rud a lean de threocht comhdhlúthaithe fhioscaigh a thosaigh in 2011. Gníomhaíocht láidir eacnamaíoch ba mhó a bhí mar chúis leis an laghdú ar an easnamh thar na 8 bliana sin. Mar thoradh ar an dinimiceas sin tháinig meánmhéaduithe móra bliantúla ar mheánioncam an rialtais, agus ní raibh ann ach fás measartha ar chaiteachas ina gcomparáid. Mar thoradh air sin, in 2019, thit an cóimheas fiachais-OTI go 57.2 %, an ráta is ísle le 10 bliana, rud a léiríonn freisin fás láidir ainmniúil OTI agus laghdú ar íocaíochtaí úis. Mar sin féin, sa bhliain chéanna sin, bhí an cóimheas fiachais-OIN*, ar táscaire aisíocaíochta níos oiriúnaí d'Éirinn é, chomh hard le 95 %.

**Chuir an phaindéim an laghdú leanúnach ar an gcóimheas fiachais ar feitheamh, ach seachain sé méadú suntasach.** In 2020 agus 2021, rinne Rialtas na hÉireann bearta tráthúla chun an geilleagar a chothú. Ar thaobh an chaiteachais, áiríodh iontu fóirdheontais pá agus íocaíochtaí dífhostaíochta, chomh maith le tacaíocht mhéadaithe don tseirbhís sláinte, don earnáil oideachais agus don iompar poiblí. Is ar éigean a chuaigh an cúlú intíre i gcion ar mhíreanna áirithe cánach (-3.5 % ar OIN* in 2020):bhí cánacha ar ioncam cobhsaí, agus tháinig méadú beagnach 10 % ar chánacha corparáide in aghaidh na bliana. In 2021, tháinig laghdú go 1.9 % den OTI ar an

easnamh de bharr feidhmíocht láidir ioncaim a bhain le fáis láidir ar OTI. Cé gur tháinig méadú beag ar an gcóimheas fiachais-OTI faoi dheireadh 2020, tháinig laghdú air faoi bhun a luacha réamhphaindéime cheana féin in 2021. Ó thaobh OIN*, áfach, tá laghdú an chóimheasa fiachais níos moille.

**Léiríonn airgeadas poiblí an hÉireann nach bhfuil aondúshlán inbhuanaitheacha gearrthéarmach rompu.** Tá coinne leis go gcuideoidh fás eacnamaíoch láidir le heasnamh 1.9 % 2021 a laghdú go 0.5 % in 2022 agus leis an iarmhéid buiséadach a athrú arís go barrachas 0.4 % in 2023 (féach Graf 1.2 agus Iarscríbhinn 19). Tá na rioscaí a bhaineann le méadú féideartha ar rátaí úis íseal toisc nach gá ach méid beag d’fhiachas poiblí na hÉireann a aisíoc sa ghearrthéarma. Ina theannta sin, tá gealltanas tugtha ag Rialtas na hÉireann uasteorannú a dhéanamh ar an bhfás foriomlán ar chaiteachas lárnach ag ráta atá i gcomhréir leis an treocht fáis sa gheilleagar (a mheasann na húdaráis é a bheith ag 5 %). Os a choinne sin, d’fhéadfadh méaduithe féideartha amach anseo ar chaiteachas caipitil a bhaineann leis an stoc tithíochta a mhéadú agus le haistriú chuig geilleagar atá aeráidneodrach an tiomantas sin a thástáil. Ina theannta sin, d’fhéadfadh athruithe ar an gcreat cánach corparáide idirnáisiúnta amach anseo – e.g. ath-leithdháileadh brabús cuideachtaí ilnáisiúnta ar fud stáit dhifriúla, agus méadú ó 12.5 % go 15 % ar an ráta cánach do chuideachtaí an-mhóra – tionchar a imirt ar ioncam ó cháin chorparáideach ó 2023 ar aghaidh.

Graf 1.2: **Cuntais an Rialtais**




***Foinse:*** An Coimisiún Eorpach.
Réamh-mheastacháin OIN* ó Bhanc Ceannais na hÉireann

## Dúshláin struchtúracha ann an athuair

**Ag breathnú níos faide ná an phaindéim, bheadh gá le hathchóirithe struchtúracha a dhéanamh ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach.** Cé go ndearnadh infheistíocht shuntasach chun baill foirne cúraim sláinte a earcú le linn phaindéim COVID-19, tá easpa dochtúirí agus altraí fós ar Éirinn. Ina theannta sin, is í Éire an t-aon tír in iarthar na hEorpa nach bhfuil clúadch uilíoch aici do chroíshraith seirbhísí sláinte, amhail cúram príomhúil (féach Iarscríbhinn 14). Ní clúdaítear an chuid is mó den daonra le cárta leighis agus ní mór dóibh an costas iomlán a bhaineann le cuairteanna ar dhochtúirí agus oidis othar seachtrach a íoc suas go dtí tairseach áirithe. De réir a chéile, chuirfidh aosú an daonra brú suntasach ar chóras cúraim fhadtéarmaigh na hÉireann.

**Tá praghsanna tithe agus cíosanna ag dul i bhfeabhas i gcónaí mar gheall ar easnaimh leanúnacha sa soláthar tithíochta.** An tráth céanna, níor shonraigh múnlaí de chuid an Choimisiúin atá bunaithe ar mheán fadtéarmach praghsanna tithe comharthaí ró-luachála go

fóill. Sa ghearrthéarma, táthar ag súil go bhfanfaidh an bhearna leathan idir an soláthar agus an éileamh tithíochta (féach Iarscríbhinn 17). Is measa an fhadhb mar gheall ar inacmhainneacht tithíochta a bheith ag dul in olcas, ar chíosanna a bhí ag ardú in 2021 agus ar mhoilleanna de dheasca na paindéime ar ghníomhaíocht tógála. Is ábhar imní fós iad méaduithe cíosa agus tithíocht shóisialta agus inacmhainne neamhleor, agus tá dálaí cruthaithe acu le haghaidh líon ard daoine gan dídean de réir caighdeáin stairiúla.

**Cé gur geilleagar sárfhorbartha í Éire, tá roinnt tosca ann a chuireann bac ar an táirgiúlacht in earnálacha intíre, ar nós infheistíocht íseal i taighde agus forbairt (R&D), ganntanais scileanna, agus digiteáil atá tite ar gcúl, sa chóras ceartais san áireamh.** Tá infheistíocht R&D sách íseal i gcomparáid le Ballstáit eile agus níl sí ag an leibhéal a mbeifí ag súil leis i gcás geilleagar ag céim forbartha na hÉireann (féach Iarscríbhinn 9). Sainaithníodh ganntanais scileanna i roinnt earnálacha, lena n-áirítear i TF, san eolaíocht agus san innealtóireacht, agus sa tsláinte ([6]). De réir an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) le hagahidh 2022, tá ar a laghad bunscileanna digiteacha ag 70 % den daonra, figiúr atá os cionn mheán an Aontais de 54 % (féach Iarscríbhinn 8). Maidir leis an gcóras ceartais a dhigiteáil, tá Éire faoi bhun mheán an Aontais i roinnt gnéithe (féach Iarscríbhinn 11). Thairis sin, tá próiseas measartha mall i gceist le creat dócmhainneachta na hÉireann agus tá rátaí téarnaimh atá sách íseal ag baint leis.

**Tá dúshláin roimh gheilleagar na hÉireann, geilleagar ar a bhfuil cruth idirnáisiúnta, maidir le frithsciúradh airgid agus pleanáil ionsaitheach chánach.** Cruthaíonn sreabha suntasacha infheistíocht dhíreach choigríche gá le maoirseacht éifeachtach agus forfheidhmiú éifeachtach ar an gcreat frithsciúrtha airgid, go háirithe i gcás gairmithe a chuireann seirbhísí iontaoibhe agus cuideachtaí ar fáil. An tráth céanna, léiríonn ríchíosanna agus íocaíochtaí díbhinne suntasacha amach le blianta beaga anuas go bhféadfaidh cuideachtaí rialacha cánach na hÉireann a úsáid chun críocha pleanála ionsaithí cánach.

**Cé go n-éiríonn go maith le hÉirinn maidir leis an gcuid is mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, is ann fós do laigí a bhaineann le spriocanna glasa** (féach freisin Iarscríbhinn 1). Maidir le beagnach gach SDG, tá ag éirí níos fearr ná meán an Aontais le hÉirinn agus tá dul chun cinn á dhéanamh aici i gcónaí (e.g. tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn agus tá ag éirí níos fearr ná meán an Aontais léi maidir leis na nithe seo a leanas: (i) neamh-chomhionannas a laghdú;(ii) oideachas;(iii) síocháin, ceartas agus institiúidí;agus (iv) sláinte). Tá moill tagtha ar fheidhmíocht na hÉireann maidir le líon teoranta SDGanna. Is i réimsí beartais an chórais uisce agus sláintíochta agus chur chun cinn úsáid inbhuanaithe na n-éiceachóras talún atá Éire ag titim siar, cé go bhfuil sí chun tosaighar mheán an Aontais go fóill. Ina theannta sin, in ainneoin an dul chun cinn maidir le cuspóirí aeráide, bainistiú dramhaíola ('patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe') agus beartas nuálaíochta, tá Éire fós faoi bhun mheán an Aontais sna réimsí sin. Maidir le gníomhú ar son na haeráide go háirithe, tá glanastaíochtaí gás ceaptha teasa per capita fós 80 % os cionn mheán an Aontais (2020), rud a mbeidh gníomhaíocht shuntasach ag teastáil ina leith sna deich mbliana atá romhainn.

---

([6]) Feasachán Scileanna Náisiúnta (2021) an tAonad Taighde ar Scileanna agus an Margadh Saothair in SOLAS thar ceann na Comhairle Náisiúnta Scileanna; https://www.solas.ie/f/70398/x/fcee571661/solas_nsb_report.pdf


# TÁ AN PLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA AR SIÚL

**Áirítear ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann (RRP) bearta chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, chomh maith leis an téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch.** EUR 989 milliún atá i gceist le RRP na hÉireann, méid is comhionann le 0.3 % de OTI 2019 ([7]). Tá 25 bheart sa phlean (16 infheistíocht agus 9 athchóiriú) agus iad bunaithe ar thrí chomhchuid: (i) an t-aistriú glas a chur chun cinn;(ii) dlús a chur le hathchóirithe digiteacha agus leis an gclaochlú digiteach agus iad a leathnú;agus (iii) téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus cruthú post (féach Graif 2.1 agus 2.2 agus Iarscríbhinn 2). Leis na bearta atá sa phlean, d’fhéadfaí cuidiú le haghaidh a thabhairt ar réimse dúshlán ([8]), dúshláin atá ábhartha freisin do na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. Mar sin féin, mar gheall ar an ranníocaíocht airgeadais measartha agus ar nádúr daingnithe roinnt de na dúshláin, ní féidir coinne a bheith leis go ndéanfaidh RRP na hÉireann na riachtanais ar fad a bhaineann leis a réiteach ina n-iomláine le linn a shaolré. Le linn chéim an chur chun feidhme, tá sé tábhachtach rannpháirtíocht na n-údarás agus na bpáirtithe leasmhara uile lena mbaineann a chinntiú, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta.

(7) Tá méid an RRP beagán os cionn na ranníocaíochta airgeadais uasta a leithdháiltear ar Éirinn faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, arb é EUR 988 966 534.


(8) Féach freisin an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: *Analysis of the recovery and resilience plan of Ireland* [Anailís ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann], Roinn 4.2, lgh. 35-43.

Graf 2.1: **Líon na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sa RRP in aghaidh na comhchoda**




***Foinse:*** An Coimisiún Eorpach

Graf 2.2: **Caiteachas infheistíochta sa RRP de réir na comhchoda**




***Foinse:*** An Coimisiún Eorpach

**Áirítear sa phlean comhchuid atá dírithe ar chabhrú le hÉirinn dícharbónú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil.** Cuidíonn bearta sa chomhpháirt sin go díreach le spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir 2050 maidir le haeráidneodracht a bhaint amach. Tá coinne leis freisin go gcomhlíonfaidh athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean spriocanna náisiúnta agus spriocanna de chuid an Aontais maidir le beartas comhshaoil agus an bhithéagsúlacht. Agus béim shuntasach á leagan ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar iompar inbhuanaithe, ar an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú, agus ar scileanna glasa a chur chun cinn, cabhróidh an plean le hÉirinn a

cuspóirí uaillmhianacha um dhícharbónú a bhaint amach.

**Tá sé d'acmhainn ag roinnt bearta RRP aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le táirgiúlacht.** Díríonn an dara comhpháirt den RRP ar rannchuidiú le haistriú digiteach an gheilleagair agus na sochaí. Na bearta a áirítear, tacaíonn siad le gnólachtaí ina n-iarrachtaí maidir le digiteáil, tugann siad aghaidh ar an riosca a bhaineann leis an deighilt dhigiteach (lena n-áirítear in earnáil an oideachais), neartaíonn siad scileanna digiteacha, agus cuidíonn siad leis an mbonneagar digiteach a fhorbairt agus seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an tástáil FBM atá beartaithe deireadh a chur le bacainní rialála nach bhfuil gá leo atá roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trína iarraidh ar lucht ceaptha beartas an t-ualach a d'fhéadfadh aon rialachán nó reachtaíocht atá beartaithe a chur ar FBManna a mheas.

**Áirítear sa tríú comhchuid den RRP bearta suntasacha a bhaineann le cúrsaí sóisialta agus le scileanna ([9]).** Tá faoi chlár freagartha scileanna téarnaimh SOLAS ([10]) na scileanna a thabhairt d'oibrithe chun bogadh isteach in earnálacha fáis an gheilleagair, ar nós TF, foirgníocht ghlas agus maolú ar an athrú aeráide. Tá sé d'aidhm ag an gclár taithí socrúcháin oibre taithí oibre, chomh maith le hoiliúint, a chur ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe ar feadh 6 mhí nó níos mó chun a n-infhostaitheacht a mhéadú. Chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na ganntanais sa soláthar tithíochta, cuireann an plean de chúram ar Ghníomhaireacht Forbartha Talún na hÉireann talamh poiblí a fhorbairt agus a athghiniúint chun tithíocht a sholáthar. Cuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht freisin tithíocht a fhorbairt agus a bhainistiú, cuóta le haghaidh tithíocht shóisialta san áireamh. Tá an plean tiomanta do roinnt scéimeanna a sheoladh freisin chun inacmhainneacht tithíochta a mhéadú do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam. Maidir le cúram sláinte, áirítear sa phlean sraith athchóirithe a d'fhéadfadh feabhas a chur ar chost-éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus athléimneacht an chórais cúraim sláinte.

**Thairis sin, áirítear leis an gcomhchuid sin roinnt athchóirithe lena bhféadfaí cur leis an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus cáilíocht na n-institiúidí poiblí a fheabhsú.** Tá coinne leis go neartófar an mhaoirseacht ar fhrithsciúradh airgid le sraith athchóirithe. Chun cuidiú le dul i ngleic le straitéisí pleanála ionsaithí cánach, tá an plean tiomanta freisin do reachtaíocht nua a thabhairt isteach a mbeidh feidhm aici maidir le híocaíochtaí amach chun neamhchánachas dúbailte a chosc, rud atá le teacht i bhfeidhm ó Eanáir 2024 ar a dhéanaí. Ina theannta sin, áirítear sa phlean bearta a bhaineann le pinsin fhorlíontacha a áirítear i dtreochlár pinsean na hÉireann.

Bosca

### Bunspriocanna inghnóthaithe faoin RRP in 2022 agus 2023

- Teacht i bhfeidhm an Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, ina ndéantar foráil maidir le spriocanna um laghdú astaíochtaí le haghaidh 2030 a bhaint amach, chomh maith leis an gcuspóir aeráidneodrachta faoi 2050.
- Bunú an chomhaontaithe airgeadais a bhaineann le scéim na hiasachta iarfheistithe áiteanna cónaithe.
- Tús leis an oibre athshlánúcháin do 19 portach móna ar a laghad.
- Nascadh 990 bunscoil ar a laghad le líonraí leathanbhanda ardluais.
- Ardú ar líon na gcéimithe a bhfuil scileanna TFC ardleibhéil acu.
- Cuir i bhfeidhm an tástáil FBM (tástáil ina n-iarrtar ar lucht ceaptha beartas an t-ualach a d'fhéadfadh na rialacháin nó an reachtaíocht atá beartaithe a chur ar FBManna a bhreithniú) ag cúig roinn rialtais ar a laghad.
- Leathnú ar shraith straitéisí forfheidhmithe an Aonaid Comhlíontachta um Fhrithsciúradh Airgid le smachtbhannaí airgeadais.

# TOSAÍOCHTAÍ EILE AMACH ANSEO

**Seachas na dúshláin a dtugann an RRP aghaidh orthu, mar a leagtar amach thuas, tá dúshláin bhreise roimh Éirinn nach gclúdaítear go ar bhealach leormhaith sa phlean.** Tá roinnt dúshlán daingnithe ann ar dócha nach mbeidh siad go hiomlán inréitithe tríd an RRP ina aonar. Dá bhrí sin, tá dúshláin fós ann sna réimsí seo a leanas: (i) gníomhú ar son na haeráide, (ii) cosc ar dhramhaíl, (iii) an geilleagar ciorclach, (iv) cóireáil fuíolluisce, (v) pinsin, (vi) leathnú an bhoinn cánach, (vii) pleanáil ionsaitheach chánach, (viii) frithsciúradh airgid, (ix) tithíocht, (x) cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, (xi) éagothromaíochtaí réigiúnacha, (xii) R&D, (xiii) digiteáil, (xiv) an creat dócmhainneachta, agus (xv) scileanna. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, cabhrófar le hÉirinn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na SDGanna a bhaineann leis na dúshláin sin a bhaint amach, mar shampla gníomhú ar son na haeráide (SDG 13), tomhaltas agus táirgeacht fhreagrach (SDG 12), uisce glan agus sláintíocht (SDG 6) agus tionsclaíocht, nuálaíocht, agus bonneagar (SDG 9).

## Dlús a chur leis an aistriú glas, i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin freisin

**Cé nach bhfuil Éire neamhchosanta ar iompórtálacha amhola agus gáis Rúiseacha, braitheann sí go mór ar na foinsí fuinnimh sin dá soláthar fuinnimh.** In 2020, ola agus gás a bhí i gceist le beagnach 80 % de thomhaltas fuinnimh na hÉireann, agus as an méid sin bhain 45 % le hola agus 33 % le gás. Ba in Éirinn a táirgeadh níos lú ná aon trian den ghás a ídíodh, mar gheall ar ídiú gháscheantar na Coiribe. Is ón Ríocht Aontaithe a thagann na himpórtálacha gáis uile.


Cuireadh píblíne gháis dhúbailte idir Albain agus Éire i seirbhís in 2002, agus cuireadh píblíne gháis eile idir Éire agus Tuaisceart Éireann i seirbhís in 2007. In Eanáir 2021, chuir an rialtas in iúl nach rachadh an tionscadal do chríochfort Chalafort Chorcaí maidir le gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) chun cinn. Tar éis roinnt agóidí le grúpaí áitiúla agus grúpaí comhshaoil, dhiúltaigh an Ard-Chúirt cead pleanála do chríochfort GNL na Sionainne in 2020, ach d'fhógair sé i Lúnasa 2021 go gcuirfeadh sé iarratas nua isteach. In Aibreán 2022, d'fhoilsigh Éire an Creat Náisiúnta um Shlándáil Fuinnimh. Tá sé d'aidhm aige slándáil an tsoláthair sa ghearrthéarma a chinntiú, spleáchas na tíre ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte a laghdú agus teaghlaigh agus gnólachtaí a bhíonn thíos le costais fuinnimh níos airde a chúiteamh.

Mar gheall ar an sciar ard de bhreoslaí iontaise sa mheascán fuinnimh, níor bhain Éire amach cuid dá spriocanna aeráide agus fuinnimh de chuid an Aontais do 2020. Níl a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh in 2020 bainte amach ag Éirinn, agus bhain sí amach a sprioc maidir le fuinneamh in-athnuaite trí aistrithe staidreamhacha a cheannach ([11]). Ó 2019, ní laghdaigh Éire a cuid astaíochtaí earnála comhroinnte díchill intíre ach 4 % i gcomparáid le 2005, i gcomparáid leis an sprioc comhroinnte díchill de 20 % do 2020. Mar sin féin, chomhlíon Éire a sprioc do 2019 faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill trí chreidmheasanna tionscadail idirnáisiúnta a úsáid.

---

([11]) Bhí sciar fuinnimh in-athnuaite na hÉireann faoi bhun a sprice ceangailtí náisiúnta de 16 % in 2020. Chun a cuid oibleagáidí Eorpacha a chomhlíonadh, cheannaigh sé aistrithe staidreamhacha ón Danmhairg agus ón Eastóin (a sháraigh a sprioc féin).

Graf 3.1: **Astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir earnála agus réamh-mheastacháin iomlána (LBR agus LBB*)**




LBR – Le Bearta Reatha
LBB – Le Bearta Breise*Réamh-mheastacháin
LBB bunaithe ar bhearta ó Phlean Gnímh don Aeráid 2019, plean nach léiríonn an sprioc 51 % do 2030 mar a reachtaíodh in 2021.
Ní áirítear talamhúsáid, athrú sa talamhúsáid ná foraoiseacht.
***Foinse:*** Foinse: An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil

**Is gá d'Éirinn dul chun cinn mór a dhéanamh le linn na ndeich mbliana seo maidir lena cuspóirí aeráide a bhaint amach ([12]) agus a spleáchas ar ola agus gás a laghdú** (féach Iarscríbhinn 5)**.** Is géar an chonair is gá chun astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána a laghdú i gcomhréir le sprioc 2030 a leagtar síos go náisiúnta (féach Graf 3.1). Tá dúshláin fós ann maidir leis na hinfheistíochtaí atá ag teastáil, na hoibrithe oilte a bheith ar fáil agus na bacainní rialála a bhaint. De réir phlean gníomhaíochta ar son na haeráide 2021 ([13]), beidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha a dhéanamh chun uaillmhianta na hÉireann a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána a laghdú 51 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018. Meastar sa phlean go bhfuil gá le hinfheistíocht bhreise EUR 45 billiún faoi 2030 i gcomparáid le cás 'gan gníomhú ar son na haeráide', agus gur ghá EUR 80 billiún breise a ath-leithdháileadh ó infheistíochtaí a bhaineann le 'teicneolaíochtaí reatha agus breosla iontaise' ar theicneolaíochtaí in-athnuaite agus solúbtha.

**Is céim dhearfach é plean gníomhaíochta na hÉireann ar son na haeráide i dtreo a neamhchosaint ar ola agus ar ghás a theorannú, ach tá a thionchar nithiúil ag brath ar bhearta agus spriocanna pleanáilte a chur i bhfeidhm in am trátha**. Is cor cinniúnach do ghníomhú ar son na haeráide in Éirinn teacht i bhfeidhm an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 i mí Iúil 2021, ar cuid den RRP é. Tugann sé isteach spriocanna earnála agus buiséid carbóin. Cé go bhfuil iarfheistiú domhain foirgneamh ag tarlú luas níos tapúla ([14]), mar shampla, aithnítear sa phlean cuspóirí leathana nach mór bearta beachta a chur i bhfeidhm ina leith go fóill, cuspóirí a fhágfaidh go mbeifear in ann iad a sheachadadh. Mar shampla, ní mór aghaidh a thabhairt go leormhaith fós ar lorg carbóin earnáil suntasach na talmhaíochta a laghdú, in ainneoin na gcéimeanna a bhfuil gealladh fúthu a glacadh leis an tionscnamh Fís an bhia 2030 ([15]). Chomh maith leis sin, ní aithnítear sa phlean ach go páirteach an cumas maolaithe a bhaineann le bearta sonracha (e.g. an 20 % den obair san earnáil phoiblí a dhéantar mar chianobair). Táthar ag súil go sonrófar faisnéis bhreise leis na nuashonruithe bliantúla ar an bplean gníomhaíochta ar son na haeráide, agus go mbeidh na leaganacha sonracha de in

([12]) Clár athléimneachta glaise an Choimisiúin Eorpaigh https://ec.europa.eu/info/strategy/strategic-planning/strategic-foresight/2020-strategic-foresight-report/resilience-dashboards_en#heatmap

([13]) Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2021) https://www.gov.ie/en/publication/6223e-climate-action-plan-2021/

([14]) Táthar ag súil go dtiocfaidh an t-aistriú chuig samhail seachadta iarfheistithe bunaithe ar ionad ilfhreastail, Scéim Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh i bhfeidhm in 2022, ráthaíocht iasachta cónaithe iarfheistithe a forbraíodh faoi Phlean Náisiúnta Tearnaimh agus Athléimneachta na hÉireann

([15]) Mar shampla, ní leagtar síos sprioc i bhFís an Bhia 2030 i gcás meatáin dhéiginigh go fóill. Déanfar an sprioc sin a nuashonrú nuair a chomhaontaítear spriocanna sonracha earnála faoi chreat an Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021

2021 agus 2025 san áireamh in RRP na hÉireann.

**Chun ard-uaillmhianta na hÉireann a bhaint amach maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid, ní mór aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sistéamacha.** Tá sprioc nua mhéadaithe 80 % á leagan amach ag Éirinn maidir le leictreachas in-athnuaite faoi 2030, sprioc a dhéanann méadú faoi dhó, a bheag nó a mhór, ar an sciar sin sna deich mbliana amach romhainn. Tá an uaillmhian sin socraithe i gcomhthéacs leochaileachtaí struchtúracha a bhaineann le méadú ar an éileamh ar leictreachas, le hinfhaighteacht gineadóirí atá ann cheana a bheith ag laghdú, le hidirnaisc theoranta agus le hacmhainní stórála atá fós laghdaithe chun foinsí eadrannacha fuinnimh a ionsú. Chomh maith le dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, e.g. trí sceidil cheantanna tús-ualaithe, bheadh ar Éirinn infheistíochtaí móra a shlógadh chun uasghrádú tapa a dhéanamh ar an eangach chumhachta, úsáid a bhaint as méid mór acmhainne stórála, agus tús áite a thabhairt d'iarfheistiú domhain foirgneamh. Tá gá freisin le huasghráduithe ar an gcóras tarchurtha chun dul i ngleic leis an bhforbairt a bhfuiltear ag súil leis ar fheithiclí leictreacha agus ar theaschaidéil. Chun an tionscadal Idirnascaire Ceilteach a chur i gcrích go tapa, beidh an tionscadal idirnaisc leictreachais idir Éirinn agus an Fhrainc, a gcuirfear tús leis in 2022, beidh sé ríthábhachtach freisin chun soláthar fuinnimh na tíre a chinntiú.

**Beidh gá le scrogaill ar na hinfheistíochtaí thuas a bhaint chun spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise a laghdú.** Tá dúshláin fós ann maidir leis an gcóras pleanála agus ceadaithe, go háirithe an tréimhse fhada chun cead pleanála a dheonú, atá nasctha freisin leis na nósanna imeachta achomhairc d'iarratais phleanála. Trí athchóirithe a chur chun cinn sna réimsí sin, chothófaí feidhmiú céimneach foinsí in-athnuaite níos fearr, rud a chuideodh le héagsúlú a dhéanamh ar an meascán fuinnimh. Thug rialtas na hÉireann Córas Toilithe Limistéir Mhuirí nua isteach i mí an Mhárta 2022 agus táthar ag súil go ndéanfaidh sé an córas ceada a shimpliú, a chuíchóiriú agus a bhrostú le haghaidh saoráidí gaoithe amach ón gcósta trí na tionscadail is inmharthana a shainaithint go luath. Beidh teacht i bhfeidhm comhlachta nua mhaoirseachta, a bhfuiltear ag súil leis in 2023, ina chéim ríthábhachtach san athchóiriú sin.

**Ní leor na hinfheistíochtaí atá beartaithe i soghluaisteacht inbhuanaithe a áirítear sa RRP chun an t-iompar poiblí a dhícharbónú.** Is ionann ola agus breis agus 45 % de mheascán fuinnimh na hearnála iompair, rud a fhágann gurb í Éire an cúigiú Ballstát is measa feidhmíochta. Sa chomhthéacs sin, leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide spriocanna uaillmhianacha chun an t-iompar a dhícharbónú. Áirítear air sin soláthar 500 000 turas iompair poiblí agus taistil ghníomhaigh sa bhreis sa lá, flít feithiclí leictreacha agus feithiclí a astaíonn íseal-astaíochta a mhéadú go dtí 945 000 faoi 2030, agus leathnú an ghréasáin iarnróid leictrithe. Ba cheart go n-áireofaí ar an dara ceann acu sin, go háirithe, aerfoirt d'iarnród a nascadh le gréasán TEN-T agus úsáid iarnróid a threisiú ar fud na tíre do phaisinéirí agus do lasta araon.


**Tá ionstraimí taighde agus nuálaíochta atá éifeachtach agus dea-chomhordaithe ríthábhachtach chun leas a bhaint as foinsí nua fuinnimh in-athnuaite.** Taobh amuigh de ghlacadh na dteicneolaíochtaí atá ann cheana, is féidir le teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh agus réitigh stórála fuinnimh/solúbthachta rannchuidiú leis an aistriú fuinnimh. Tá acmhainní airgeadais oiriúnacha, mar aon le cuspóirí taighde agus nuálaíochta agus spriocanna cistiúcháin dea-léirithe, ríthábhachtach chun úsáid fuinnimh agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

**D'fhéadfaí feidhmíocht na hÉireann i mbainistiú dramhaíola a fheabhsú** (féach Iarscríbhinn 7). In 2019, ba é 598 kg/capita an táirgeadh dramhaíola cathrach in Éirinn, méid a bhí go mór os cionn mheán an Aontais de 502 kg/capita (féach Graf 3.2). Ina theannta sin, feidhmíonn Éire i bhfad níos measa ná meán an Aontais i dtéarmaí

tháscairí an gheilleagair chiorclaigh. Is é 1.8 % meánúsáid ábhair chiorclaigh, go mór faoi bhun mheán an Aontais de 12.8 %.

**Sa phlean gníomhaíochta dramhaíola do gheilleagar ciorclach a glacadh in 2020 leagtar amach beartas foriomlán na hÉireann maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus cosc ar dhramhaíl.** Leagtar amach sa phlean uaillmhianta méadaithe d'Éirinn chun a bheith mar cheannródaí sa gheilleagar ciorclach. Leagtar síos sa phlean réimse leathan gníomhaíochtaí, idir fheabhas a chur ar an timpeallacht rialála agus scéim éarlais agus fillte a thabhairt isteach le haghaidh buidéil phlaisteacha, dreasachtaí a chur ar fáil chun taighde agus nuálaíocht a fhorbairt, agus slabhraí luacha a chruthú le haghaidh táirgí truaillitheacha. Beidh sé ríthábhachtach na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme ina n-iomláine mar a shonraítear sa phlean chun dramhaíl a chosc agus chun geilleagar ciorclach a chur chun cinn.

Graf 3.2: **Cóireáil Dramhaíola Cathrach in Éirinn, de réir cineáil**




***Foinse:*** Eurostat

**Bhí deacrachtaí ag Éirinn an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chur i bhfeidhm.** Is é is cúis leis sin, i bpáirt, bonneagar atá ag dul in aois nó atá as dáta nach ndearnadh athnuachan air mar gheall ar infheistíocht theoranta san earnáil uisce. Cé go n-áirítear sa RRP beart maidir le feabhas a chur ar an gcóras fuíolluisce, tá gá fós le hinfheistíocht shuntasach. Meastar gurb é EUR 2 698 milliún ([16])an infheistíocht mheasta chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh tuairiscithe leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. In 2018, ní raibh ach 42 % den ualach fuíolluisce bailithe i gcomhréir le ceanglais na Treorach thuasluaite ([17]).

## Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an airgeadais phoiblí

**Tá dúshláin fhadtéarmacha roimh inbhuanaitheacht airgeadais phoiblí na hÉireann.** D'éirigh go maith le hairgeadas poiblí na hÉireann paindéim COVID-19 a chur de. A bhuí le sreafaí láidre ioncaim rialtais agus le buiséadú stuama, is cosúil go bhfuil smacht ar na rioscaí airgeadais le haghaidh na mblianta atá le teacht. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag aosú an daonra ar an inbhuanaitheacht fhioscach san fhadtéarma, cheal freagairtí beartais (féach Iarscríbhinn 20). Meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar an gcóimheas spleáchais seanaoise – cion na bhfaighteoirí leis na ranníocóirí sa chóras pinsin – ó 24 % in 2019 go 53 % faoi 2070. Ní hamháin go mbeidh tionchar ag aosú an daonra ar an gcaiteachas pinsean ach tiocfaidh méadú freisin ar chostas an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, agus meastar go dtiocfaidh méadú 6.2 pointe céatadáin de OTI ar chostais iomlána an aosaithe faoi 2070 ([18]).

**Tá an t-athchóiriú ar chóras na bpinsean ar bun, agus tá dúshláin fós ann ó thaobh na hinbhuanaitheachta fioscaí de.** Rinneadh an Treoir maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (Treoir IORP II) a

([16]) An naoú tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le stádas cur chun feidhme agus na cláir le haghaidh chur chun feidhme na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.


([17]) Ibidem

([18]) An Coimisiún Eorpach (2021) Tuarascáil ar an Aosú.

thrasuí in Aibreán 2021 agus tá na scéimeanna pinsean ag obair leis an Údarás Pinsean anois chun an chomhlíontacht a bhaint amach. Le déanaí, chinn Rialtas na hÉireann an dearadh deiridh ar Chóras Pinsean Forlíontach le Clárú Uathoibríoch. Meastar go dtiocfaidh méadú 2.3 pointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas poiblí ar phinsin idir 2019 agus 2040. I ndeireadh na dála, beidh ar an gcáiníocóir aon mhéadú ar chaiteachas pinsin a mhaoiniú, trí rátaí níos airde ranníocaíochtaí árachais shóisialta nó trí aistrithe ón Státchiste chuig an gciste árachais shóisialta. D'aisghair Rialtas na hÉireann méadú san aois inphinsin ó 66 go 67 a rabhthas ag súil lena theacht i bhfeidhm i mí Eanáir 2021. I dtuarascáil ón gCoimisiún neamhspleách um Pinsin moltar méadú incriminteach 3 mhí in aghaidh na bliana, de réir a chéile, ar aois an phinsin stáit, ag tosú in 2028 ionas go méadódh an aois sin go 67 in 2031, le méaduithe breise 3 mhí gach dhá bhliain ina dhiaidh sin ionas go méadófaí go 68 í in 2039.

**Tá bonn cánach na hÉireann measartha cúng agus braitheann sé go hiomarcach ar chánacha corparáideacha** (féach Iarscríbhinn 18). Tá méadú tagtha ar íogaireacht na n-ioncam cánach i leith forbairtí in ioncaim agus brabúis na gcorparáidí, ós rud é go dtagann 22.4 % den ioncam cánach iomlán ón gcáin chorparáide anois. Líon beag gnólachtaí atá taobh thiar den bhfoinse thábhachtach ioncaim sin. In 2020, d'íoc an 10 gcáiníocóir is mó thart ar leath na n-ioncam ó cháin chorparáide (féach Graf 3.3). Chomh maith leis sin, tá bonn cánach cúng ag baint le struchtúr na gcánacha ar ioncam aonair nó ar ioncam teaghlaigh. In 2021, bhí duine as gach triúr saothraí ioncaim díolmhaithe ó chánacha toisc go raibh a ndliteanas ar an ráta caighdeánach cumhdaithe ag creidmheasanna nó ag teorainneacha díolúine aoise.

Graf 3.3: **Ioncam ó cháin chorparáide**




***Foinse:*** Sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim

**Tá gealltanas tugtha ag Éirinn athchóirithe a dhéanamh a d'fhéadfadh, dá gcuirfí chun feidhme go héifeachtach iad, cabhrú le dul i ngleic le straitéisí pleanála ionsaithí cánach.** Tá sé mar aidhm ag an ngealltanas sa RRP an neamhchánachas dúbailte a chosc. Mar sin féin, ní chumhdaíonn sé dlínsí ísealchánach agus níor sainíodh ór mionsonraí an athchóirithe go fóill. Ina theannta sin, i mí Dheireadh Fómhair 2021, d'fhógair Éire go nglacfadh sí páirt i gcomhaontú domhanda Chreat Cuimsitheach OECD/G20 – a chomhaontaigh níos mó ná 130 tír – arb é is aidhm dó na rialacha cánach idirnáisiúnta a athchóiriú. Leis an athchóiriú suntasach sin, chuirfí srianta ar an 'sodar go grinneall' i gcreataí cánach corparáide ([19]). Tá treoir molta ag an gCoimisiún Eorpach ina leagfaí amach conas a chuirfidh Ballstáit an Aontais, Éire san áireamh, prionsabail an ráta cánach éifeachtaigh 15 % i bhfeidhm go praiticiúil ([20]). Déanfaidh an Coimisiún

([19]) "Tagann an pobal idirnáisiúnta socrú cánach ceannródaíoch don ré dhigiteach," 8 Deireadh Fómhair 2021.(https://www.oecd.org/tax/international-community-strikes-a-ground-breaking-tax-deal-for-the-digital-age.htm).

([20]) An Coimisiún Eorpach 'Cánachas Cothrom: Molann an Coimisiún an comhaontú idirnáisiúnta maidir le cánachas íosta ar chuideachtaí ilnáisiúnta a thrasuí gan mhoill,' an 22 Nollaig 2021

dlúthfhaireachán ar an gcaoi a gcuirfear na bearta sin a fógraíodh chun feidhme. Nuair a chuirfear chun feidhme iad, d'fhéadfadh siad cabhrú go mór le dul i ngleic leis an bpleanáil ionsaitheach chánach.

**Cé gur bhfuil feabhas foriomlán curtha ag Éirinn ar a creat frithsciúrtha airgid, tá gá fós le dul chun cinn i réimsí áirithe.** Tá rioscaí áirithe ag bagairt ar Éirinn mar gheall ar a geilleagar atá dírithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, le hinsreafaí suntasacha d'infheistíocht dhíreach choigríche agus le struchtúir dlíthiúla chasta a bhaineann le húinéireacht eachtrannach. Tá dul chun cinn déanta ag Éirinn maidir le cláir úinéireachta tairbhiúla a thabhairt isteach, rud a chuireann leis an trédhearcacht tríd an duine ar leis an meán corparáideach sa deireadh thiar, nó a rialaíonn é sa deireadh thiar, a dhoiciméadú. Cumhdaíonn na hathchóirithe frithsciúrtha airgid in RRP na hÉireann gníomhaíocht mhaoirseachta ar na soláthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta atá faoi mhaoirseacht an Aonaid um Chomhlíontacht Frithsciúrtha Airgid. Beidh an measúnú riosca earnála a foilsíodh le déanaí le haghaidh soláthraithe seirbhísí iontaobhais nó cuideachta ina chuidiú chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí leantacha ina leith sin. Ní chumhdaítear leis an RRP, áfach, maoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta a ndéantar an mhaoirseacht orthu a tharmligean chuig comhlachtaí féinrialála. I gcás na soláthraithe seirbhíse sin, is cosúil gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann nó caighdeáin éagsúla mhaoirseachta idir an tAonad um Chomhlíontacht Fhrithsciúrtha Airgid agus comhlachtaí féinrialála a chosc.

(https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_7028).

## Pleananna a chur chun feidhme maidir le tithíocht níos cothroime agus maidir leis an gcúram sláinte agus an cúram fadtéarmach


**Tá an plean 'tithíocht do chách' fógartha ag an rialtas chun cabhrú le dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta is toradh ar easnaimh leanúnacha sa soláthar tithíochta.** Cé gur críochnaíodh 20 500 aonad tithíochta nua in 2021, níl sé sin ar aon dul le meastachán an rialtais(21) go mbeadh 33 000 teach nua ar an meán ag teastáil gach bliain ó 2021 go 2030 (féach Graf 3.4). Is é is aidhm don phlean nua 'tithíocht do chách' freastal ar an ngá sin. Beidh maoiniú níos mó ná EUR 20 billiún aige le linn na gcúig bliana atá le teacht. Tá sé i gceist gur tithe sóisialta nua a bheidh i mbeagnach trian de na tithe a bheidh le soláthar faoin bplean seo. Ina theannta sin, tithe ar phraghas réasúnta nó tithe ar cíos de réir costais a bheadh i dteach amháin as sé theach a bheadh le soláthar (22). Tá spriocanna tiomnaithe sa RRP Éireannach a bhaineann le roinnt de na gealltanais sin. Tá an baol ann, áfach, nach gcuirfear an plean 'tithíocht do chách' i bhfeidhm go héifeachtach, go háirithe i ngeall ar shrianta lucht saothair (e.g. meastar go mbeidh méadú 50 % ag teastáil ar an lucht saothair atá fostaithe i dtógáil na tithíochta faoi lár na deacáide) agus ar mhéadú ar chostas na n-ábhar (23).

(21) Rialtas na hÉireann (2021) Tithíocht do Chách: Plean Tithíochta nua d'Éirinn, lch. 31.

(22) Is foirm nua tithíochta poiblí in Éirinn é an cíos de réir costais, agus é dírithe ar dhaoine atá os cionn na dteorainneacha ioncaim le haghaidh tithíocht shóisialta. Ní chumhdóidh na cíosanna ach an costas a bhaineann leis na tithe a fhorbairt, a mhaoiniú, a bhainistiú agus a chothabháil – agus é mar sprioc cíosanna a bheidh 25 % ar a laghad faoi leibhéal an mhargaidh a bhaint amach.

(23) An Coimisiún Eorpach (2022) In-Depth Review for Ireland [Grinnathbhreithniú ar Éirinn], roinn 1.2.

Graf 3.4: **Críochnuithe tithíochta**




***Foinse:*** An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**Tháinig moilleanna ar straitéis chuimsitheach na hÉireann um athchóiriú an chúraim sláinte ('*Sláintecare*').** Is é is aidhm don straitéis sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le costéifeachtúlacht an chórais cúraim sláinte agus leis an easpa cumhdaigh uilíoch. Mar gheall ar ghanntanas dochtúirí, tá agaí feithimh fada do sheirbhísí a mhaoinítear go poiblí tar éis dul in olcas agus tá méadú tagtha ar an éileamh ar sholáthraithe príobháideacha. Cuimsíonn an RRP príomhchodanna den athchóiriú *Sláintecare* a chur i bhfeidhm, mar shampla an conradh na gcomhairleoirí lena rialaítear coinníollacha fostaíochta na ndochtúirí comhairleacha sa chóras cúraim sláinte phoiblí. Mar sin féin, ní thugann an RRP aghaidh ar chlúdach uilíoch le haghaidh an chúraim phríomhúil. Dá gcuirfí athchóirithe *Sláintecare* chun feidhme go hiomlán, d'fhéadfaí córas a chruthú a bheadh bunaithe ar cheart uilíoch ar gach seirbhís sláinte, beag beann ar chumas an duine íoc as. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé sin cabhrú chun dul i ngleic le fadhbanna sláinte níos luaithe agus ar bhealach níos éifeachtúla, rud a laghdódh an t-éileamh ar sheirbhísí cúraim atá níos casta agus níos costasaí.

**Cuireann aosú an daonra córas cúraim fhadtéarmaigh na hÉireann faoi bhrú mór, ó thaobh inrochtaineachta agus inbhuanaitheachta de araon.** Tuartar go dtiocfaidh méadú ar an sciar de 'chleithiúnaithe ionchasacha' sa daonra ó 5.0 % in 2019 go 5.6 % faoin 2030 agus go 6.5 % faoi 2050 ([24]). In 2020, bhí an sciar den daonra a bhí neamhghníomhach mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim ar 32.5 %, go mór os cionn mheán an Aontais (18.7 %). Tugann sé seo le fios go bhfuil leibhéal ard riachtanas ann nach bhfuiltear ag freastal orthu, go háirithe maidir leis an gcúram baile. Is dócha go mbeidh cúram institiúideach níos costasaí ag teastáil mura ndéantar freastal ar riachtanais den sórt sin. Ar na hathchóirithe atá beartaithe i gcomhthéacs na straitéise *Sláintecare* tá creat a chruthú chun leathnú na seirbhísí cúraim baile a chothú de réir a chéile.


## Lánacmhainneacht gheilleagar agus shochaí na hÉireann a bhaint amach

**Tá difríocht shuntasach idir táirgiúlacht na gcuideachtaí ilnáisiúnta agus na gcuideachtaí intíre.** Tá táirgiúlacht na gcuideachtaí ilnáisiúnta i bhfad níos airde fós, mar thoradh ar an nuálaíocht cheannródaíoch agus ar an mbarainneacht scála. Ag an am céanna, tá teorainn fós leis an méid eolais ó na cuideachtaí ilnáisiúnta a shroicheann na cuideachtaí intíre. Tháinig méadú 0.8 %, ar an meán, ar tháirgiúlacht saothair cuideachtaí intíre idir 2010 agus 2019, go mór faoi bhun na gcuideachtaí ilnáisiúnta, ar tháinig méadú 8.8 % ar a dtáirgiúlacht (féach Graf 3.5). De réir Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta na hÉireann, tá fás táirgiúlachta na gcuideachtaí intíre á

([24]) 2021 Long-Term Care Report: Treochtaí, dúshláin agus deiseanna i sochaí atá ag dul in aois], Tuarascáil Chomhpháirteach arna hullmhú ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ag an gCoimisiún Eorpach (DG EMPL). Sainmhínítear 'cleithiúnaithe ionchasacha' ar bhonn 'teorannú seanbhunaithe ar ghníomhaíochtaí an duine, de réir a dhearcadh féin, de dheasca fadhbanna sláinte, le 6 mhí anuas ar a laghad', más teorannú tromchúiseach atá ann, i gcás daoine i dteaghlaigh phríobháideacha, agus cuirtear leis sin sonraí náisiúnta maidir le faighteoirí cúraim fhadtéarmaigh institiúidigh. Tá réamh-mheastacháin bunaithe ar chás tagartha na Meithle um Aosú, ag glacadh leis go gcaitear leath na mblianta réamh-mheasta a cuireadh leis an ionchas saoil gan mhíchumas (i.e. gan éileamh cúraim).

gcoinneáil siar ag, i measc nithe eile, ardchostais árachais, ardchostais dlí agus ardchostas creidmheasa ([25]). Molann an Chomhairle beartais chun fás na táirgiúlachta a mhéadú, agus go háirithe: (i) fás na nuálaíochta agus forbairt caipitil bhunaithe ar an eolas laistigh de chuideachtaí;(ii) scaipeadh eolais;(iii) digiteáil, (iv) uas-sciliú, (v) leithdháileadh acmhainní i measc cuideachtaí agus bonneagair;agus (vi) éagsúlú ar fud na dtionscal.

Graf 3.5: **Táirgiúlacht saothair – meánfhás bliantúil 2010-2019**




***Foinse:*** An Phríomh-Oifig Staidrimh

**Bíonn difríochtaí móra ann idir réigiúin freisin mar thoradh ar dhéacht gheilleagar na hÉireann** (féach Iarscríbhinn 15)**.** Tá na comhlachtaí ilnáisiúnta lonnaithe dlúth i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus sna ceantair máguaird. Tá córais láidre nuálaíochta réigiúnacha ag na ceantair sin agus is fearr go mór iad ná an chuid eile den tír i ngach táscaire eacnamaíoch ábhartha, amhail fás OTI réigiúnaigh, táirgiúlacht an lucht saothair, nó glanioncam. Tá réigiúin eile, réigiúin tuaithe agus iargúlta den chuid is mó, sa tuaisceart, san iarthar nó ar feadh na teorann le Tuaisceart Éireann, ag titim ar gcúl. Is dócha go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh, ós rud é nach meastar córas nuálaíochta réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ach a bheith 'measartha' – an dara rangú is ísle le haghaidh réigiúin na hEorpa.

**Baineann córas T&F na hÉireann tairbhe as bonn láidir eolaíochta poiblí agus as infheistíochtaí díreacha coigríche tiomnaithe, ach is féidir dul chun cinn a dhéanamh.** Bhí dlús foriomlán T&F na hÉireann (ollchaiteachas intíre ar T&F mar sciar den OTI) ar 1.23 % in 2020 i gcomparáid le meándlús 2.32 % ar fud an Aontais ([26]), agus é ag dul i laghad ó 2010 i leith, agus tá dlús T&F phoiblí, ar 0.32 %, ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas (24ú sa rangú). Dá laghdófaí an spleáchas ar dhreasachtaí cánach sa mheascán beartais T&F agus dá gcuirfí breis tacaíocht dhíreach ar fáil do FBManna, agus comhar á chothú idir gníomhaithe T&D, chuideofaí le héiceachóras nuálaíochta níos cuimsithí agus níos comhtháite a fhorbairt. Le reachtaíocht nua chun rialachas an ardoideachais a athchóiriú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ollscoileanna teicneolaíochta, táthar ag súil leis go bhfeabhsófar cáilíocht, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta earnáil na hearnála ardoideachais agus go gcabhrófar le héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha nach bhfuil ag feidhmiú chomh maith.

**D'fhéadfaí digiteáil bhreise a dhéanamh ar an gcóras ceartais.** Tá Éire idir an 21ú agus an 23ú rang as 27 Ballstát maidir leis an méid seo a leanas: (i) an úsáid a bhaineann cúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh as an teicneolaíocht dhigiteach, (ii) na huirlisí cumarsáide leictreonaí sna cúirteanna, agus (iii) rialacha nós imeachta lena gceadaítear teicneolaíocht dhigiteach i gcásanna cúirte ([27]). Áirítear ar na bearta nuachóirithe leanúnacha atá ar bun mar chuid de straitéis fhadtéarmach na Seirbhíse Cúirteanna le haghaidh 'rochtain ar cheartas a chothú in Éirinn nua-aimseartha dhigiteach' comhdú leictreonach, córas

([25]) An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (2021) *Ireland's Competitiveness Challenge 2021* [http://www.competitiveness.ie/publications/2021/ireland's%20competitiveness%20challenge%202021.pdf](http://www.competitiveness.ie/publications/2021/ireland's%20competitiveness%20challenge%202021.pdf)

([26]) In 2020, bhí Éire sa 19ú rang san Aontas maidir leis an dlús T&F in aghaidh OTI, cé go bhfuil saincheisteanna ann a bhaineann le comhdhéanamh agus tomhas OTI na hÉireann a dhéanann difear don rangú sin. Maidir le OIN modhnaithe (OIN*), a chuireann saobhadh ó ghnólachtaí atá faoi úinéireacht eachtrach as an áireamh, tá dlús T&D na hÉireann ar 2.20 %.

([27]) Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta ón gCoimisiún Eorpach: Caibidil tíre ar staid an smachta reachta in Éirinn (le teacht). Féach freisin Scórchlár Ceartais an Aontais Eorpaigh 2022, (le teacht).

bainistithe cásanna a bhunú, agus teicneolaíocht seomra cúirte a chur ar bun. Ba cheart iad sin a chur chun feidhme go tapa chun digiteáil éifeachtach a dhéanamh ar chóras ceartais na hÉireann.

**D'fhéadfadh iarmhairtí na géarchéime airgeadais agus gnéithe de chreat dócmhainneachta na hÉireann a bheith ina dtosca a chuireann le rátaí úis ardaithe ar iasachtaí do theaghlaigh agus do FBManna.** Bhí tionchar faoi leith ag an ngéarchéim airgeadais dhomhanda ar gheilleagar na hÉireann agus tháinig titim shuntasach ar phraghsanna eastáit réadaigh dá deasca. Ina theannta sin, i gcásanna mainneachtana iasachtaithe, faigheann bainc agus iasachtóirí eile sciar níos lú dá n-iasachtaí ar an meán ná i bhformhór na mBallstát eile, agus tógann sé níos mó ama chun an aisghabháil sin a dhéanamh ([28]). D'fhéadfadh sé go dtabharfadh na tosca sin ar bhainc agus ar iasachtóirí eile a gcuid iasachtaí a mheas mar iasachtaí atá níos rioscúla agus, dá bhrí sin, ráta úis níos airde a ghearradh orthu.

**D'fhéadfadh sé gurb léiriú iad na leibhéil ísle fostaíochta atá ag grúpaí áirithe ar acmhainneacht mhargaidh saothair nár baineadh leas as, agus is féidir go gcuirfidh siad le rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.** In 2021, ba iad 51.3 % agus 69.5 % rátaí fostaíochta na n-oibrithe idir 20 agus 65 bliana d'aois a bhí ar bheagán oiliúna agus meán-oilte, faoi seach, i gcomparáid le ráta fostaíochta foriomlán 74.9 %. In 2020, ba é 64 % ráta fostaíochta na dtuismitheoirí aonair – an ráta is ísle san AE. Ina theannta sin, ba í an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas in Éirinn an bhearna ba mhó san Aontas Eorpach, ar 38.6 %. Is mó an riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta ag na grúpaí sin freisin. Tá sé ríthábhachtach go rachaidh Éire i ngleic leis na dúshláin sin i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun go mbeidh Éire in ann príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach. I gcásanna áirithe, tagann laghdú ar ghlanioncam na dteaghlach atá ar ioncam íseal nuair a thosaítear ag obair, de bharr tharraingt siar na sochar cúnaimh shóisialta. Má dhéantar leasuithe spriocdhírithe ar na córais chánach agus leasa shóisialaigh, d'fhéadfadh sé go dtacófaí le fostaíocht níos airde. Ós rud é go bhfuil deireadh á chur leis an tacaíocht paindéime de réir a chéile, beidh tionscnaimh uas-scilithe agus athoiliúna, mar aon le bearta chun poist/fostaíocht a chruthú, ríthábhachtach do mhargadh saothair na hÉireann.

([28]) An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (2020) *Report on the benchmarking of national loan enforcement frameworks* [Tuarascáil ar thagarmharcáil na gcreataí náisiúnta forfheidhmithe iasachtaí] https://www.eba.europa.eu/eba-publishes-report-benchmarking-national-insolvency-frameworks-across-eu

# PRÍOMHTHORTHAÍ

**Cuimsíonn RRP na hÉireann bearta chun aghaidh a thabhairt ar shraith dá dúshláin struchtúracha tríd an méid seo a leanas:**

- córais bainistithe fuíolluisce níos sábháilte agus níos glaine a chur chun cinn;
- a áirithiú go maoineofar an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar chostais na bpinsean ar bhealach struchtúrach trédhearcach;
- dul i ngleic le straitéisí ionsaitheacha pleanála cánach;
- an mhaoirseacht frithsciúrtha airgid a neartú, agus go háirithe na bearta RRP a chomhlánú trí mhaoirseacht riosca-bhunaithe na gcomhlachtaí féinrialála a neartú;
- soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú, go háirithe tríd an bplean náisiúnta 'Tithíocht do Chách' a chur chun feidhme go héifeachtach;
- an t-athchóiriú *Sláintecare* ar an gcúram sláinte a chur chun feidhme, go háirithe na codanna sin de a bhaineann le feabhas a chur ar chostéifeachtúlacht an chórais cúraim sláinte, ar phleanáil an fhórsa saothair, agus ar an gcúram fadtéarmach chomh maith le rochtain uilíoch ar sheirbhísí sláinte a áirithiú;
- leibhéal na hinfheistíochta poiblí T&F a mhéadú agus an spleáchas ar chreidmheasanna cánach a laghdú, i bhfabhar tacaíochta dírí;
- tacú leis an bhfostaíocht agus leis an gcuimsiú sóisialta, lena n-áirítear trí ghrúpaí leochaileacha a lánpháirtiú i margadh an tsaothair agus trí scileanna a fhorbairt, go háirithe na scileanna a thacóidh leis an aistriú glas.

**Ag an am céanna, mar gheall ar mhéid measartha an phlean, tá gá le hiarrachtaí breise maidir leis na dúshláin thuasluaite, thar a bhfuil san RRP.**

**Chomh maith leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa RRP, bhainfeadh Éire tairbhe as:**

- infheistíocht a chothú i ngréasáin leictreachais agus i nginiúint cumhachta in-athnuaite agus feabhas a chur ar an gcóras pleanála agus ar an gcóras ceadanna;
- bonneagar agus beartais a fhorbairt chun éifeachtúlacht an chórais bainistithe dramhaíola a mhéadú, táirgeadh na dramhaíola a laghdú, an t-ábhar athúsáidte agus athchúrsáilte a mhéadú, loscadh níos ísle a bhaint amach agus bailiú na dramhaíola in-athchúrsáilte a dheighilt ar bhealach níos éifeachtúla;
- leochaileacht an airgeadais phoiblí i leith suaití eacnamaíocha a laghdú.

# IARSCRÍBHINNÍ

# LIOSTA IARSCRÍBHINNÍ


## Táscairí trasghearrtha dul chun cinn 23

Iarscríbhinn 1: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 23

Iarscríbhinn 2: Plean um Théarnamh agus Athléimneacht – cur chun feidhme 25

Iarscríbhinn 3: Ionstraimí eile an Aontais don téarnamh agus don fhás 26

Iarscríbhinn 4: An dul chun cinn atá déanta maidir le moltaí tír-shonracha a chur chun feidhme 29

## Inbhuanaitheacht comhshaoil 32

Iarscríbhinn 5: An Comhaontú Glas 32

Iarscríbhinn 6: Tionchar fostaíochta agus sóisialta an aistrithe ghlais 37

## Táirgiúlacht 39

Iarscríbhinn 7: Éifeachtúlacht acmhainní agus táirgiúlacht 39

Iarscríbhinn 8: An t-aistriú digiteach 41

Iarscríbhinn 9: Nuálaíocht 43

Iarscríbhinn 10: Tionsclaíocht agus an margadh aonair 45

Iarscríbhinn 11: Riarachán poiblí 48

## Cothroime 51

Iarscríbhinn 12: Dúshláin a bhaineann leis an bhfostaíocht, le scileanna agus leis an mbeartas sóisialta i bhfianaise Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta 51

Iarscríbhinn 13: Oideachas agus scileanna 53

Iarscríbhinn 14: Sláinte agus córais sláinte 56

Iarscríbhinn 15: Feidhmíocht eacnamaíoch agus shóisialta ar an leibhéal réigiúnach 58

## Cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch 61

Iarscríbhinn 16: Príomhfhorbairtí san earnáil airgeadais 61

Iarscríbhinn 17: Maitrís an Mheasúnaithe don Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha 63

Iarscríbhinn 18: Cánachas 65

Iarscríbhinn 19: Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais 67

Iarscríbhinn 20: Anailís ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais 68

# LIOSTA NA dTÁBLAÍ


Tábla A2.1: Príomhghnéithe RRP na hÉireann 23
Tábla A4.1: Tábla achoimre ar 2019,2020 agus 2021 a bhaineann go sonrach le FSCanna 28
Tábla A5.1: Táscairí atá mar bhonn agus mar thaca leis an dul chun cinn maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ón bpeirspictíocht mhaicreacnamaíoch 33
Tábla A7.1: Táscairí atá roghnaithe maidir le héifeachtúlacht acmhainní 37
Tábla A8.1: Príomhthascairí an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach 39
Tábla A9.1: Príomhtháscairí taighde, forbartha agus nuálaíochta 41
Tábla A10.1: Príomhtháscairí an mhargaidh aonair agus an tionscail 43
Tábla A11.1: Táscaire fheidhmíocht soláthair phoiblí an mhargaidh aonair 45
Tábla A11.2: Táscairí Riaracháin phoiblí 46
Tábla A12.1: Scórchlár sóisialta na hÉireann 47
Tábla A13.1: Spriocanna ar leibhéal an Aontais agus táscairí comhthéacsúla eile faoi chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais 50
Tábla A14.1: Príomhtháscairí sláinte 53
Tábla A15.1: Táscairí roghnaithe ar an leibhéal réigiúnach – Éire 55
Tábla A16.1: Táscairí fóntachta airgeadais 56
Tábla A17.1: Measúnú ar Mhaitrís na Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha 59
Tábla A18.1: Táscairí maidir le cánachas 60
Tábla A19.1: Príomhtháscairí eacnamaíocha agus airgeadais 62
Tábla A20.1: Anailís ar inbhuanaitheacht fiachais d'Éirinn 63
Tábla A20.2: Léarscáil teasa de rioscaí inbhuanaitheachta fioscaí d'Éirinn 64


# LIOSTA NA nGRAFANNA


*Graf A1.1:* Dul chun cinn na hÉireann i dtreo na SDGanna le cúig bliana anuas *22*
*Graf A2.1:* An sciar de chistí RRF atá ag rannchuidiú le gach colún beartais *23*
*Graf A3.1:* Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2014-2020 – an buiséad iomlán de réir ciste (EUR billiún, %) *24*
*Graf A3.2:* Rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe leis na SDGanna (EUR billiún) *26*
*Graf A4.1:* An dul chun cinn atá déanta ag Éirinn maidir le CSRanna 2019-2020 (timthriall Sheimeastar Eorpach 2022) *27*
*Graf A5.1:* Cánachas agus caiteachas rialtais ar chosaint an chomhshaoil *30*
*Graf A5.2:* Téamach – Fuinneamh Sciar den mheascán fuinnimh (solaid, ola, gás, fuinneamh in-athnuaite) *31*
*Graf A5.3:* Téamach – Bithéagsúlacht Limistéir thalún faoi chosaint agus feirmeoireacht orgánach *31*
*Graf A5.4:* Sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha (% de chlárúcháin nua) *32*
*Graf A6.1:* Dúshláin chóra ghlais maidir leis an aistriú *35*
*Graf A6.2:* Bochtaineacht fuinnimh de réir deicíl ioncaim *35*
*Graf A11.1:* Feidhmíocht maidir le táscairí fianaise-bhunaithe ceaptha beartas *45*
*Graf A14.1:* Ionchas saoil tráth breithe (blianta) *52*
*Graf A14.2:* Méadú réamh-mheasta ar chaiteachas poiblí ar chúram sláinte le linn 2019-2070 (cás tagartha) *52*
*Graf A15.1:* OTI in aghaidh an duine (2019) agus fás OTI (2010-2019) *54*
*Graf A15.2:* Fíor-oll-bhreisluach in aghaidh an oibrí *54*
*Graf A15.3:* Na críocha is mó a ndéanann an t-aistriú aeráide difear dóibh in Éirinn *55*
*Graf A18.1:* Táscairí ding chánach *61*

**San Iarscríbhinn seo déantar measúnú ar dhul chun cinn na hÉireann maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) i dtaca leis na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch.** Is creat beartais faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe iad na 17 SDGanna agus na táscairí gaolmhara a ghabhann leo. Is é is aidhm dóibh deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, na héagothroimí a chomhrac agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, gan aon duine a fhágáil ar lár. Tá an tAontas agus a chuid Ballstát tiomanta don chreat-chomhaontú stairiúil domhanda seo agus do ról gníomhach a bheith acu maidir leis an dul chun cinn ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe a uasmhéadú. Tá an graf thíos bunaithe ar thacar táscairí SDG an Aontais a forbraíodh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na SDGanna i gcomhthéacs an Aontais.


**Feidhmíonn Éire go maith nó go han-mhaith maidir leis an gcuid is mó de na táscairí SDG a bhaineann leis an inbhuanaitheacht comhshaoil (SDG 2, 6, 7, 11 agus 15) agus tá feabhas á chur aici i leith táscairí eile (SDG 9, 12 agus 13).** Tá Éire os cionn mheán an Aontais Eorpaigh ar roinnt príomhtháscairí (SDG 6, 11 agus 15), ach tá moill áirithe tagtha ar an dul chun cinn i dtreo na SDGanna sin a bhaint amach. Tá tuilleadh dul chun cinn déanta ag Éirinn maidir le roinnt SDGanna eile (SDG 12 13). Maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus cosc ar dhramhaíl (SDG 12), cé go bhfuil Éire fós faoi bhun mheán AE (2020:ráta úsáide ábhar ciorclach 1.8 % i gcomparáid le 12.8 % san Aontas Eorpach), leagtar amach i bplean gníomhaíochta dramhaíola 2020 do gheilleagar ciorclach beartas foriomlán na hÉireann maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus cosc na dramhaíola. Maidir leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide (SDG 13), tá uaillmhianta na hÉireann maidir le dul i ngleic le dúshláin aeráide ardaithe go mór mar gheall ar an bplean gníomhaíochta don aeráid a thabhairt isteach in 2019 agus ar na leasuithe a rinneadh air sin ina dhiaidh.

**Éiríonn go maith le hÉirinn maidir le táscairí SDG a bhaineann leis an gcothroime (SFI 1, 2, 3, 4, 5, 8 agus 10).** Tá ag éirí níos fearr le hÉirinn ná an meán san Aontas agus tá sí ag déanamh dul chun cinn maidir le roinnt táscairí a bhaineann leis an neamhionannas, an bhochtaineacht, an fás cuimsitheach, an tsláinte agus an fholláine, an t-oideachas agus an comhionannas inscne. Mar shampla, tá rátaí níos airde rannpháirtíochta aosach san fhoghlaim ([29]) ag Éirinn ná meán an Aontais (2020: 11.0 % i gcomparáid le 9.2 %). Ina theannta sin, tá dul chun cinn den scoth déanta ag Éirinn maidir le roinnt táscairí, lena n-áirítear ‘Comhionannas Inscne’ (SDG 5), nó tá sciar na mban sna poist bhainistíochta sinsearaí ardaithe ó 15.3 % (2015) go 28.8 % (2020). Tá bearta sa RRP a léiríonn an bhéim a chuireann Éire ar an oideachas agus ar na scileanna. Mar shampla, le clár freagartha scileanna téarnaimh SOLAS táthar ag iarraidh scileanna a thabhairt d’oibrithe chun aistriú isteach in earnálacha fásmhara an gheilleagair, amhail TF, an fhoirgníocht ghlas agus an maolú ar an athrú aeráide.

**Feidhmíonn Éire go han-mhaith maidir le táscairí SDG a bhaineann leis an táirgiúlacht (SDG 4, 8) agus tá feabhas á chur aici ar tháscairí eile (SDG 9).** Tá Éire ag feabhsú tuilleadh ar an dea-fheidhmíocht atá aici cheana féin maidir le ‘hobair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch’ (SDG 8), rud a léirítear le leibhéal infheistíochta atá i bhfad níos airde den OTI (2020: 39.7 % i gcomparáid le meán AE de 22.3 %). Cuidíonn ‘oideachas cáilíochta’ (SFI 4) le táirgiúlacht an chaipitil dhaonna, agus léiríonn Éire dul chun cinn suntasach maidir leis an ngnóthachtáil san oideachas treasach (ó 54.0 % in 2015 go 58.4 % in 2020, i gcomparáid le meán AE de 40.5 %). Mar sin féin, tá Éire fós chun deiridh ar mheán an Aontais i ‘dtionscal, nuálaíocht agus bonneagar’ (SDG 9), áit a bhfuil caiteachas níos ísle aici i T&F agus sciar níos ísle pearsanra T&F. Dreasaítear an nuálaíocht i réitigh ghlasa, aeráide agus dhigiteacha le Clár Náisiúnta an Mhórdhúshláin a áirítear sa RRP agus spreagtar aistrithe teicneolaíochta agus comhar idir gnólachtaí, ag díriú ar an

([29]) Úsáidtear an táscaire maidir leis an rannpháirtíocht i bhfoghlaim aosach le ceithre seachtaine roimhe sin sa tuarascáil tíre, seachas an táscaire maidir le foghlaim le 12 mhí anuas, toisc nach bhfuil sonraí an tSuirbhé ar Oideachas Aosach don táscaire 12 mhí ar fáil ach amháin le haghaidh 2016 i láthair na huaire, agus nach mbeidh an táscaire nua maidir leis an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, ar comhaontaíodh é a úsáid sa scórchlár sóisialta agus ina phríomhsprioc 2030 maidir le scileanna, ar fáil ach amháin in 2023

Graf A1.1:**Dul chun cinn na hÉireann i dtreo na SDGanna le cúig bliana anuas**




Féach an tuarascáil bhliantúil ESTAT Sustainable development in the European Union [An fhorbairt inbhuanaithe san Aontas Eorpach]' le haghaidh tacair shonraí mhionsonraithe: https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-statistical-books/-/KS-03-21-096;Is féidir teacht ar shonraí fairsinge a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith maidir le dul chun cinn gearrthéarmach na mBallstát anseo: Príomhthorthaí – Táscairí forbartha inbhuanaithe – Eurostat (europa.eu)
***Foinse:*** Eurostat, an nuashonrú is déanaí an 28 Aibreán 2022. Baineann na sonraí den chuid is mó le 2015-2020 agus 2016-2021.

ngeilleagar ísealcharbóin agus ar an gclaochlú digiteach.

**Éiríonn go maith le hÉirinn maidir le táscairí SFI a bhaineann leis an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch (8, 16).** D'fheabhsaigh Éire a thuilleadh an dea-fheidhmíocht a bhí aici cheana féin maidir le cáilíocht na n-institiúidí (SDG 16). Mhéadaigh an fíor-OTI per capita in Éirinn ó EUR 49 620 in 2015 go EUR 62 980 in 2020 (AE: 26 380 in 2020). Ba í Éire an t-aon Bhallstát den Aontas a d'éalaigh ó chúlú eacnamaíochta in 2020.

# IARSCRÍBHINN 2: PLEAN UM THÉARNAMH AGUS ATHLÉIMNEACHT – CUR CHUN FEIDHME

**Is í an tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht (RRF) bunchloch iarrachtaí an Aontais chun tacú leis an téarnamh ó phaindéim COVID-19, chun dlús a chur faoin aistriú dúbalta, agus chun an athléimneacht i gcoinne suaití amach anseo a neartú.** Chuir Éire a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) isteach an 28 Bealtaine 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 agus formheas na Comhairle an 8 Meán Fómhair 2021, fágadh an bealach saor chun EUR 989 milliún a eisíoc i ndeontais faoin RRF le linn 2021-2026. Tá príomhghnéithe RRP na hÉireann leagtha amach i dTábla A2.1.

Tábla A2.1: **Príomhghnéithe RRP na hÉireann**

| | |
|---|---|
| Leithdháileadh iomlán | EUR 989 milliún de dheontais (0.3% de OTI 2019) |
| Infheistíochtaí agus athchóirithe | 16 infheistíocht agus 9 athchóiriú |
| Líon iomlán na gCloch Míle agus na Spriocanna | 109 |
| Tionchar maicreacnamaíoch measta (1) | Ardú 0.3%-0.5% ar OTI faoi 2026 (0.4% in éifeachtaí iarhmartacha) |
| Réamh-mhaoiniú eisíoctha | Níor iarr Éire réamh-mhaoiniú |
| An chéad íocaíocht thráthrialta | Níor chuir Éire iarratas isteach ar an gcéad íocaíocht tráthrialta go fóill |


Féach Pfeiffer P., Varga J. agus in 't Veld J. (2021), 'Quantifying Spillovers of NGEU investment', European Economy Discussion Papers, Uimh. 144 agus Afman et al. (2021), 'An overview of the economics of the Recovery and Resilience Facility', Quarterly Report on the Euro Area (QREA), Imleabhar. 20, Uimh. 3, lgh. 7-16.
***Foinse:*** An Coimisiún Eorpach 2022

Tá an sciar de na cistí a rannchuidíonn le gach ceann de shé cholún beartais an RRF leagtha amach i ngraf A2.1.

**Foilsítear sa Scórchlár um Théarnamh agus um Athléimneacht an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn maidir lena plean a chur i bhfeidhm.** Tugtar forléargas soiléir sa Scórchlár freisin ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an RRF ina iomláine.

.

Graf A2.1:**An sciar de chistí RRF atá ag rannchuidiú le gach colún beartais**





Cuireann gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún, dá bhrí sin is ionann an ranníocaíocht iomlán le gach colún atá léirithe ar an gcairt seo agus 200 % de chostas measta na RRPanna. Is ionann an chuid íochtair agus méid an cholúin phríomha, an chuid uachtar agus méid an cholúin tánaistigh.
***Foinse:*** Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

**Is é buiséad an Aontais, dar luach breis agus EUR 1.2 trilliún le linne na tréimhse 2021-2027 an, luamhán infheistíochta a chuideoidh le tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme.** Agus méid breise de thart ar EUR 800 billiún mar thaca aige trí NextGenerationEU agus tríd an ionstraim is mó dá bhfuil ann, an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht, is cumhacht shuntasach é chun tacú leis an téarnamh agus leis an bhfás inbhuanaithe.

**In 2021-2027, tacóidh cistí beartais chomhtháthaithe an AE ([30]) le cuspóirí fadtéarmacha forbartha in Éirinn trí EUR 1.28 billiún a infheistiú.([31]).** Áirítear leis sin EUR 84.5 milliún ón gCiste um Aistriú Cóir atá dírithe ar mhaolú a dhéanamh ar thionchair shocheacnamaíocha an aistrithe ghlais sna réigiúin is leochailí. Tá comhaontuithe comhpháirtíochta agus cláir faoi Chiste Comhtháthaithe 2021-2027 ceaptha ar bhealach ina gcuirtear san áireamh CSRanna 2019-2020 agus an treoraíocht infheistíochta a chuirtear ar fáil i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirithítear sineirgí agus comhlántachtaí le cistiú eile de chuid an Aontais. Ina theannta sin, bainfidh Éire tairbhe as tacaíocht EUR 7.5 billiún le haghaidh na tréimhse 2023-27 ón gComhbheartas Talmhaíochta, a thacaíonn leis an inbhuanaitheacht shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch agus leis an nuálaíocht sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe, a chuidíonn leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus a áirithíonn slándáil fhadtéarmach bhia.

Graf A3.1:**Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2014-2020 – an buiséad iomlán de réir ciste (EUR billiún, %)**




Tagraíonn na sonraí maidir le CETFT agus REACT-EU don tréimhse 2014-2022.
***Foinse:*** An Coimisiún Eorpach

**In 2014-2020, bhí sé beartaithe EUR 4.33 billiún ó bhuiséad an Aontais a infheistiú in Éirinn faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE)([32]).** Ba ionann an infheistíocht iomlán, maoiniú náisiúnta san áireamh, agus EUR 7.69 billiún (Graf 3.1), eadhon thart ar 0.37 % de OTI don tréimhse 2014-2020 agus 15.06 % den infheistíocht phoiblí ([33]). I measc na 11 chuspóir, is iad is mó a bhaineann le maoiniú beartais chomhtháthaithe in Éirinn cosaint an chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní, an t-oiriúnú don athrú aeráide agus an cosc ar rioscaí, an taighde agus an nuálaíocht, agus an geilleagar ísealcharbóin (san iomlán: EUR 2.2 billiún/EUR 3.6 billiún nuair a áirítear an maoiniú náisiúnta). Ar chuspóirí suntasacha sin an chistithe faoin mbeartas comhtháthaithe, áirítear an fhostaíocht inbhuanaithe ar ardcháilíocht a chur chun cinn, tacú le soghluaisteacht an lucht saothair, an cuimsiú sóisialta, an bhochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac, agus forbairt na scileanna. Chabhraigh an beartas

([30]) Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe (CC), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), Interreg.

([31]) Praghsanna reatha, foinse: Sonraí Oscailte um Chomhtháthú

([32]) Áirítear ar CSIE cistí faoin mbeartas comhtháthaithe (CFRE, CSE+, CC, Interreg), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI). De réir 'riail N+3', ní mór na cistí a gealladh le haghaidh 2014-2020 a chaitheamh faoi 2023 ar a dhéanaí (faoi 2025 i gcás CETFT). Foinse sonraí: Sonraí oscailte comhtháthaithe, scoithdháta 31.12.2021 le haghaidh CFRE, CSE+, CC, Interreg;scoithdháta 31.12.2020 le haghaidh CETFT agus CEMI

([33]) Is éard is infheistíocht phoiblí ollfhoirmiú caipitil sheasta móide aistrithe caipitil, an rialtas ginearálta.

comhtháthaithe le breis agus 43 000 gnólacht, chuir sé feabhas ar fheidhmíocht fuinnimh os cionn 20 000 teaghlach, agus laghdaíodh CO2eq beagnach 18 000 tona. Faoi dheireadh 2020, thacaigh infheistíochtaí sa bheartas comhtháthaithe le breis agus 350 000 rannpháirtí, agus bhain níos mó ná 118 000 díobh cáilíocht amach. Bhí 67 000 rannpháirtí a bhí páirteach i margadh an tsaothair ó chúlra faoi mhíbhuntáiste.

**Cheana féin, tá cistí an bheartais chomhtháthaithe ag cuidiú go mór le cuspóirí na SDGanna a bhaint amach.** In Éirinn, tá cistí an bheartais chomhtháthaithe ag tacú le 7 cinn de na 17 SDG agus tá suas le 100 % den chaiteachas ag cuidiú leis na spriocanna a bhaint amach.

**In 2021, chuir clár REACT-AE faoi NextGenerationEU EUR 88.3 milliún de mhaoiniú breise ar fáil le haghaidh leithdháiltí an bheartais chomhtháthaithe d'Éirinn.** Bhí sé d'aidhm ag an maoiniú sin téarnamh cothrom a áirithiú, an cóineasú a chothú, agus tacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil do na réigiúin chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19. In 2021, bhí tacaíocht REACT-AE d'Éirinn dírithe ar théarnamh athléimneach a áirithiú ó COVID-19 trí infheistíocht a dhéanamh san oideachas cuimsitheach agus san oiliúint chuimsitheach. Rinneadh bearta chun cabhrú le scoileanna a athoscailt, agus chuidigh an maoiniú breise le bearta eile a dhéanamh, e.g. ríomhairí glúine a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste.

**Chuir an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas ([34]) an chéad chúnamh éigeandála ón Aontas Eorpach ar fáil d'Éirinn maidir le paindéim COVID-19.** Thug sé solúbthacht neamhghnách isteach, rud a chuir ar chumas na hÉireann acmhainní a ath-leithdháileadh ar mhaithe le riachtanais láithreacha sláinte poiblí (EUR 311 milliún). Go deimhin, rinneadh athchlárú suntasach, agus aistríodh formhór na n-acmhainní chuig infheistíochtaí sláinte chun trealamh cosanta pearsanta a cheannach. Bhain Éire tairbhe freisin as an maoiniú sealadach 100 % ón AE ar bhearta a tabhaíodh sa bheartas comhtháthaithe, le thart ar EUR 485 milliún in 2021 trí chómhaoiniú 100 %.


**Fuair Éire tacaíocht faoin ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú.** I mí na Nollag 2020, thug an Chomhairle cúnamh airgeadais faoi SURE d'Éirinn le haghaidh uasmhéid EUR 2.473 billiún, a eisíocadh faoin 30 Márta 2021. Meastar gur tacaíodh le tuairim is 30 % de na hoibrithe agus 50 % de na gnólachtaí faoi SURE ar feadh mí amháin ar a laghad in 2020, go príomha sa trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, i seirbhísí cóiríochta agus bia agus san fhoirgníocht. Meastar go bhfuil EUR 0.05 billiún san iomlán sábháilte ag Éirinn ar íocaíochtaí úis mar thoradh ar rátaí úis ísle SURE.

**Tá an Coimisiún ag soláthar saineolas saincheaptha tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun cabhrú le hÉirinn athchóirithe spreagtha fáis a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacaíocht lena RRP a chur chun feidhme.** Ó 2018 i leith, tá cúnamh faighte ag Éirinn trí 44 thionscadal tacaíochta teicniúla. Bhí sé d'aidhm ag tionscadail a soláthraíodh in 2021, mar shampla, moltaí a cheapadh maidir le hathchóiriú beartais i ndáil le lámhleabhar údaraithe agus maoirseachta don Taisclann Lárnach Urrús, chomh maith le húdarás rialála nua-aimseartha a bhunú le haghaidh na ngníomhaíochtaí chearrbhachais uile a cheadúnaítear sa tír. In 2022, cuirfear tús le tionscadail nua chun tacú, i measc nithe eile, le forbairt agus imscaradh shamhail Barnahus. Beidh tionscadal ag soláthar saineolais chun creat faireacháin agus tuairiscithe a fhorbairt chun cuidiú le bainistíocht ghnéithe fíoraithe RRP na hÉireann, agus chun an chalaois agus an cistiú dúbailte a laghdú.

**Baineann Éire tairbhe as cláir eile de chuid an Aontais freisin.** Áirítear orthu sin an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, trínar leithdháileadh EUR 116.2 milliún ar thionscadail shonracha ar ghréasáin iompair straitéiseacha, agus Fís 2020, lenar leithdháileadh EUR 1 190 milliún.

([34]) Ath-leithdháileadh acmhainní CSIE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/460 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020, agus Rialachán (AE) 2020/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020.


Graf A3.2:**Rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe leis na SDGanna (EUR billiún)**




***Foinse:*** An Coimisiún Eorpach

**Rinne an Coimisiún measúnú ar mholtaí tír-shonracha (CSRanna) ([35]) 2019-2021 a díríodh ar Éirinn i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.** Cuirtear san áireamh sa mheasúnú an ghníomhaíocht bheartais a rinne Éire go dtí seo ([36]), chomh maith leis na gealltanais sa RRP([37]). Ag an gcéim luath seo de chur chun feidhme an RRP, tá 'dul chun cinn áirithe' ar a laghad déanta in 82 % de na CSRanna a dhírítear ar shaincheisteanna struchtúracha in 2019 agus in 2020, agus dul chun cinn 'teoranta' déanta in 18 % acu (féach Graf A4.1). Táthar ag súil leis go ndéanfar dul chun cinn suntasach breise maidir le haghaidh a thabhairt ar CSRanna struchtúracha sna blianta atá le teacht nuair a chuirfear an RRP chun feidhme a thuilleadh.

Graf A4.1:**An dul chun cinn atá déanta ag Éirinn maidir le CSRanna 2019-2020 (timthriall Sheimeastar Eorpach 2022)**




***Foinse:*** An Coimisiún Eorpach

([35]) 2021 CSRanna: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32021H0729%2807%29&qid=1627675454457

2020 CSRs: https://eur-lex.europa.eu/search.html?textScopeo=ti&lang=en&scope=EURLEX&qid=1526385017799&type=quick&AU_CODED=CONSIL&DD_YEAR=2020&andTexto=recommendation&DD_MONTH=07

CSRanna 2019: https://eur-lex.europa.eu/search.html?textScopeo=ti&lang=en&scope=EURLEX&qid=1526385017799&type=quick&AU_CODED=CONSIL&DD_YEAR=2019&andTexto=recommendation&DD_MONTH=07

([36]) Gníomhaíocht bheartais a thuairiscítear sa Chlár Náisiúnta um Athchóiriú agus sa tuairisciú RRF san áireamh (tuairisciú leathbhliantúil ar an dul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna a chur chun feidhme atá mar thoradh ar mheasúnú na n-iarratas ar íocaíocht).

([37]) Iarradh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na CSRanna ábhartha uile a d'eisigh an Chomhairle in 2019 agus in 2020 ina RRPanna, nó ar fhothacar mór acu. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú ar CSR a chuirtear i láthair anseo méid chur chun feidhme na mbeart a áirítear sa RRP agus na mbeart a bhí déanta lasmuigh den RRP tráth an mheasúnaithe. Maidir leis na bearta dá bhforáiltear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a glacadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar an RRP, más bearta iad nár glacadh ná nár cuireadh chun feidhme go fóill ach a meastar gur fógraíodh go hinchreidte iad, cuirtear 'dul chun cinn teoranta' ina leith. Nuair a bheidh na bearta sin curtha chun feidhme, féadfaidh 'dul chun cinn suntasach/áirithe' nó 'cur chun feidhme iomlán' a bheith i gceist, ag brath ar a n-ábharthacht.

Tábla A4.1:**Tábla achoimre ar 2019,2020 agus 2021 a bhaineann go sonrach le FSCanna**

| Éire | Measúnú i mí na Bealtaine 2022* | Cumhdach RRP de CSRanna go dtí 2026 |
|---|---|---|
| **2019 CSR 1** | **Dul chun cinn teoranta** | |
| *Cuspóir búiséadach meántéarma a bhaint amach in 2020. Úsáid a bhaint as amhantar ioncaim chun dlús a chur le cóimheas fiachais ginearálta an rialtais a laghdú.* | Níl sé ábhartha a thuilleadh | Neamhbhainteach |
| *Teorainn a chur le raon feidhme agus líon caiteachas cánach, agus an bonn cánach a leathnú.* | Dul chun cinn teoranta | |
| *Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den chóras cánach a d'fhéadfadh pleanáil ionsaitheach cánach a éascú, agus díriú go háirithe ar íocaíochtaí amach.* | Dul chun cinn teoranta | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2020 |
| *Aghaidh a thabhairt ar an méadú a mheastar ar chaiteachas a bhaineann le haois trí an córas cúraim cláinte a dhéanamh níos costéifeachtaí agus trí phleananna athchóirithe pinsin a chur i bhfeidhm go hiomlán.* | Dul chun cinn teoranta | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2020, 2021 |
| **2019 CSR 2** | **Roinnt dul chun cinn** | |
| *Tacaíocht ghníomhach phearsanta maidir le lánpháirtíocht a sholáthar agus uas-sciliú a éascú, go háirithe le haghaidh grúpaí leochaileacha agus daoine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh ísealdéine oibre.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021 |
| *Rochtain ar chúram leanaí atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán a mhéadú.* | Dul chun cinn substaintiúil | |
| **2019 CSR 3** | **Roinnt dul chun cinn** | |
| *Díriú ar infheistíocht a bhaineann le beartas eacnamaíocht maidir leis an aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa,* | Dul chun cinn substaintiúil | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2020, 2021, 2022 |
| *iompar inbhuanaithe,* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2022 |
| *uisce,* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021, 2022 |
| *bonneagar digiteach* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021, 2022, 2023 |
| *agus tithíocht inacmhainne agus sóisialta, agus éagothroim í idir na réigiúin á gcur san áireamh.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021 |
| *Beart a chur chun feidhme, lena n-áirítear na cinn atá sa Stráiteas do phoist a bheidh ann amach anseo, chun an geilleagar a éagsúlú agus táirgiúlacht gnólachtaí Éireannacha a fheabhsú – fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe - trí úsáid by using more direct funding instruments to stimulate research and innovation* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2025 |
| *agus trí bhacainní rialála roimh fhiontraíocht a laghdú.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2022 |
| **2020 CSR 1** | **Roinnt dul chun cinn** | |
| *Na bearta uile is gá a ghlacadh, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh a thiocfaidh as sin. Nuair a bheidh dálaí eacnamaíocha ann chuige sin, chun beartais fhioscacha a shaothrú atá dírithe ar riochtaí fioscacha stuama a bhaint amach sa mheántéarma agus inbhuanaitheacht an fhiachais a áirithiú, agus feabhas á chur ar an infheistíocht ag an am céanna.* | Níl sé ábhartha a thuilleadh | Neamhbhainteach |
| *Inrochtaineacht ar an gcóras sláinte a fheabhsú agus a athléimneacht a neartú, lena n-áirítear trí fhreagra a thabhairt ar riachtanais lucht saothair sláinte agus lena n-áirithítear cumhdach uilíoch le haghaidh cúram príomhúil.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021 |

(Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile)

*Tábla (ar leanúint)*

| | | |
|---|---|---|
| **2020 CSR2** | **Roinnt dul chun cinn** | |
| *Tacú leis an bhfostaíocht trí scileanna a fhorbairt.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021 |
| *Aghaidh a thabhairt ar riosca ar an mbearna dhigiteach, lena n-áirítear san earnáil oideachais.* | Dul chun cinn substaintiúil | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021 |
| *Cur le soláthar tithíocht sóisialta agus inacmhainne.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021 |
| **2020 CSR 3** | **Roinnt dul chun cinn** | |
| *Leanúint de tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí, go háirithe FBManna, go háirithe trí bhearta lena n-áirithítear a leachtacht.* | Dul chun cinn substaintiúil | |
| *Tionscadail infheistíochta phoiblí aibí a thús-ualú* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021, 2022 |
| *agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021, 2022 |
| *Infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid glan éifeachtúil fuinnimh,* | Dul chun cinn substaintiúil | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2020, 2021, 2022 |
| *iompar poiblí inbhuanaithe,* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2022 |
| *soláthar agus cóireáil uisce,* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021, 2022 |
| *taighde agus nualaíocht* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2025 |
| *agus bonneagar digiteach.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021, 2022, 2023 |
| **2020 CSR 4** | **Dul chun cinn teoranta** | |
| *An bonn cánach a leathnú.* | Dul chun cinn teoranta | |
| *Dlús a chur le gníomhaíocht chun aghaigh ar ghnéithe an chórais chánach a éascaíonn pleanáil ionsaitheach cánach, lena n-áirítear íocaíochtaí amach.* | Dul chun cinn teoranta | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2020 |
| *Maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach den chreat frithsciúradh airgid a áirithiú maidir le gairmithe a chuireann seirbhísí iontaobhais agus cuideachta ar fáil.* | Roinnt dul chun cinn | Bearta Ábhartha RRP pleanáilte ón 2021 |
| **2021 CSR1** | **Dul chun cinn substaintiúil** | |
| *In 2022, seasamh fioscach tacúil a shaothrú, lena n-áirítear an ríog ama soláthar ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta a chaomhnú.* | Cur Chun Feidhme Iomlán | Neamhbhainteach |
| *Nuair a bheidh dálaí eacnamaíocha ann chuige sin, beartas fioscach a shaothrú lena ndírítear ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma.* | Dul chun cinn substaintiúil | Neamhbhainteach |
| *Ag an am céanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis. Aird ar leith a thabhairt ar chomhdhéanamh an airgeadais phoiblí, ar thaobhanna ioncam agus caiteachais an bhúiséid náisiúnta araon, agus ar cháilíocht na mbeart búiséadach chun téarnamh inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú. Tús áite a thabhairt d'infheistíocht inbhuanaithe a chuireann le fás, go háirithe infheistíocht a thacaíonn leis an aistriú glas digiteach.* | Roinnt dul chun cinn | Neamhbhainteach |
| *Tús áite a thabhairt d'athchóirithe struchtúracha fioscacha a chabhróidh le maoiniú a chur ar fáil do thosaíochtaí beartais phoiblí agus a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadas poiblí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trí chumhdach, leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht córas sláinte agus coimirce sóisialta do chách a neartú* | Roinnt dul chun cinn | Neamhbhainteach |

* Féach fonóta 37

***Foinse:*** an Coimisiún Eorpach

**Tá sé i gceist leis an gComhaontú Glas don Eoraip geilleagar nua- aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, áit nach mbeidh aon ghlan- astaíochtaí gás ceaptha teasa ann in 2050 a dhéanamh den Aontas Eorpach, agus áit ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní.** Tugann an iarscríbhinn seo léargas ar na forbairtí is suntasaí agus is ábhartha ó thaobh na heacnamaíochta de in Éirinn sna bloic thógála faoi seach den Chomhaontú Glas don Eoraip. Comhlánaítear é le hIarscríbhinn 6 maidir le tionchar fostaíochta agus sóisialta an aistrithe ghlais agus le hIarscríbhinn 7 maidir le gnéithe den Chomhaontú Glas maidir leis an ngeilleagar ciorclach.


**Tá athchóirithe a bhfuil géarghá leo á nglacadh faoi dheireadh chun dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa.** In 2019, bhí astaíochtaí gás ceaptha teasa, gan talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht san áireamh, 14 % os cionn leibhéal 1990. Sháraigh astaíochtaí intíre na hÉireann a sprioc laghdaithe de 20 % d'earnálacha neamh-ETS do 2020 le corrlach an-mhór, agus fiú má chuirtear gach beart breise i bhfeidhm, de réir réamh-mheastacháin na meánaibíochta ualaithe, ní bhainfidh Éire a sprioc do 2030 do na hearnálacha sin amach. Mar sin féin, níl na réamh-mheastacháin sin san áireamh fós don phlean gníomhaíochta maidir leis an aeráid a glacadh in 2021 lena leagtar síos sprioc aeráidneodrachta náisiúnta faoi 2050 agus é mar chuspóir idirmheánach iomlán na n-astaíochtaí GCT a laghdú 51 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018. Bunaítear leis an reachtaíocht creat láidir do bheartas aeráide, lena n-áirítear buiséid charbóin 5 bliana a chur ar bun ar fud an gheilleagair agus ar bhonn earnála ar bhonn rollach 15 bliana. Leagtar amach ann freisin oibleagáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta maidir leis an aeráid ar bhonn bliantúil agus cuireann sé freagracht ar ranna rialtais as a mbuiséid charbóin a sheachadadh agus as a spriocanna maolaithe a bhaint amach. Ina theannta sin, leagann Éire amach sceideal de mhéaduithe bliantúla ina cáin charbóin go EUR 100 in aghaidh an tona faoi 2030. Glacadh plean gníomhaíochta 2021 maidir leis an athrú aeráide ag deireadh 2021. Tá sé i gceist í a ailíniú leis an sprioc náisiúnta 51 % faoi 2030. Ba cheart é a bheith mar bhonn do phlean náisiúnta athbhreithnithe don fhuinneamh agus don aeráid.

**Tá cur chun feidhme na gcuspóirí agus na mbeart beartaithe ina phríomhthosaíocht anois.** Rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt mhaith beart tábhachtach, lena n-áirítear na bearta sin a thacaíonn le húsáid a bhaint as giniúint cumhachta in-athnuaite agus le hiarfheistiú foirgneamh. Mar sin féin, mar a chuir an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide i dtábhacht ag deireadh 2021, tá bearna shuntasach fós ann, áfach, idir an sainmhíniú ar chuspóirí nó pleanáil na mbeart agus a gcur chun feidhme. Dá bhrí sin, tá fíorphointe ceantála maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa fós le sonrú agus tá dúshláin mhóra amach romhainn. Ina RRP, leithdháileann Éire 42 % den mhaoiniú faoin RRP ar chuspóirí aeráide agus leagann sí amach athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha chun an t-aistriú chuig geilleagar atá níos inbhuanaithe, níos ísealcharbóin agus níos athléimní ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn ([38]).

**Tá éagsúlacht mhór idir feidhmíocht na hÉireann maidir le táscairí fioscacha a thacaíonn le Comhaontú Glas don Eoraip.** Cé go bhfuil a hioncam ó cháin chomhshaoil i dtéarmaí OIN níos ísle ná meán an Aontais, bíonn siad níos airde agus iad á gcur in iúl mar chéatadán d'ioncam iomlán cánach. Tá Éire ag bailiú sciar níos mó d'ioncam cánach iompair i gcomparáid leis an Aontas Eorpach. Mar sin féin, tá an t-ioncam uile ón gcáin chomhshaoil ag laghdú le himeacht ama, i dtéarmaí céatadán agus leibhéal (féach Iarscríbhinn 18). Tá an sciar den chaiteachas ar chosaint an chomhshaoil i gcaiteachas iomlán an rialtais níos ísle ná meán an Aontais agus ag laghdú.

([38]) Rinneadh an sciar den leithdháileadh airgeadais a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide a ríomh trí úsáid a bhaint as Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF.


Graf A5.1:**Cánachas agus caiteachas rialtais ar chosaint an chomhshaoil**




***Foinse:*** Eurostat

**Tá Éire tite ar gcúl ó thaobh fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus tá 86 % dá meascán fuinnimh ag brath ar ghás nádúrtha, ar ola agus ar pheitriliam fós.** Cé gur tháinig méadú mór ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh in olltomhaltas fuinnimh intíre in 2020, ní mór d'Éirinn iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun teacht ar ais ar an gconair cheart maidir leis an mbealach chun cuspóir in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach. Ba in 2020 a chonacthas an chéad bhriseadh suntasach i treocht beagnach leanúnach úsáide fuinnimh méadaithe thar na deich mbliana roimhe sin. Cé gur thit ídiú ola go mór mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 (ó 50 % síos go 45 % d'úsáid fuinnimh), tháinig méadú ar úsáid gáis i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta ag baint 33 % d'úsáid fuinnimh amach. Bhí aistrithe staidrimh de dhíth ar Éirinn chun an sprioc atá aici don bhliain 2020 maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, agus tá infheistíocht shuntasach ag teastáil uaithi fós chun rannchuidiú fuinnimh in-athnuaite na tíre le sprioc 2030 an Aontais a bhaint amach, is é sin 34 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh agus an sprioc mhéadaithe nua de 80 % de leictreachas in-athnuaite.


Graf A5.2:**Téamach – Fuinneamh**
**Sciar den mheascán fuinnimh (solaid, ola, gás, fuinneamh in-athnuaite)**




Tá an meascán fuinnimh bunaithe ar olltomhaltas intíre, agus ní áirítear teas ná leictreachas ann. Áirítear i sciar na bhfoinsí inathnuaite bithbhreoslaí agus dramhaíl neamh-inathnuaite.
***Foinse:*** Eurostat


**Ó thaobh na bithéagsúlachta agus sláinte an éiceachórais de, léiríonn Éire go bhfuil idir mhaith agus olc ann.** Faoi 2021, bhí 13.2 % de limistéar náisiúnta talún na hÉireann clúdaithe ag Natura 2000 (meán an Aontais 18.1 %), agus bhí Limistéir faoi Chosaint Speisialta aicmithe faoin Treoir maidir le hÉin a chlúdaíonn 6.2 % (meán an Aontais 12.8 %) agus ceantair a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo faoin Treoir maidir le Gnáthóga a chlúdaíonn 10.2 % (meán an Aontais 4.2 %) de chríoch na hÉireann. Ar bhonn an nuashonraithe is déanaí, meastar anois go bhfuil líonra talún Natura 2000 na hÉireann faoin Treoir maidir le hÉin agus Gnáthóga iomlán. Tá go leor eolais agus bearnaí ainmnithe i líonra muirí Natura 2000 na hÉireann, go háirithe faoin Treoir maidir le hÉin. I bhfianaise na bpleananna an-uaillmhianach chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt in uiscí amach ón gcósta, tá údar imní ag baint le moilleanna maidir le bailchríoch a chur ar liosta de cheantair a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo, lena n-áirítear le haghaidh sceireacha gnáthóige, chomh maith le dul chun cinn lag maidir le GSCanna a shainaithint, a roghnú agus a ainmniú faoin Treoir maidir le hÉin. Ba é 19 % an céatadán talún a bhí faoi chumhdach foraoisí in 2018, céatadán a bhí go mór faoi bhun mheán an Aontais, arb é 43.5 %. Is é sciar na feirmeoireachta orgánaí an dara sciar is ísle i measc AE-27, 1.7 % in 2020, go mór faoi bhun mheán an Aontais, arb é 9.1 %.

Graf A5.3:**Téamach – Bithéagsúlacht Limistéir thalún faoi chosaint agus feirmeoireacht orgánach**




I gcás sonraí limistéar talún faoi chosaint don bhliain 2018, agus sonraí maidir le meán an Aontais (2016, 2017), tá easpa ann.
***Foinse:*** EEA (limistéir thalún faoi chosaint) agus Eurostat (feirmeoireacht orgánach)

Graf A5.4:**Sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha (% de chlárúcháin nua)**




Áirítear le feithiclí astaíochtaí nialasacha (gluaisteáin phaisinéirí) feithiclí ceallra agus breosla-chille leictreach.
***Foinse:*** An Fhaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha

**Is cúis mhór imní i gcónaí é cáilíocht an aeir in Éirinn.** Léiríonn na meastacháin bhliantúla is déanaí atá ar fáil ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil go bhfuil thart ar 1,300 bás anabaí inchurtha i leith tiúchan mínábhair cháithnínigh, 50 bás i leith tiúchan ózóin agus 30 i leith tiúchain dhé-ocsaíd nítrigine ([39]).

**Tá líon na ngluaisteán paisinéirí atá saor ó astaíochtaí i bhflít na hÉireann ag dul i méid go dinimiciúil, ach tá sé ag streachailt le coinneáil céim ar chéim le dlús na bpointí luchtaithe poiblí.** Déantar beagán os cionn 100 ciliméadar d'iarnróid a leictriú in Éirinn, rud a fhágann gurb í an tír leis an sciar is ísle leictrithe san Aontas. Tá an meánlíon uaireanta caite ag tiománaí ionadaíoch comaitéireachta in Éirinn i mbrú tráchta ar bhóithre in aghaidh na bliana ard agus tá méadú ag teacht ar an líon sin le blianta beaga anuas.

([39]) Tabhair faoi deara le do thoil go dtagraíonn na figiúirí seo do thionchair truailleán aonair, agus chun comhaireamh dúbailte a sheachaint ní féidir na figiúirí a shuimiú chun suim a dhíorthú.

## Tábla A5.1:**Táscairí atá mar bhonn agus mar thaca leis an dul chun cinn maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ón bpeirspictíocht mhaicreacnamaíoch**

| | | | | | | Sprioc | Fad | | 'Oiriúnach do 55' Sprioc | Fad | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2005 | 2019 | 2020 | 2030 | LBR | LBB | 2030 | LBR | LBB |
| Dul chun cinn i leith spriocanna beartas | Sprioc laghdaithe astaíochtaí CGT neamh-ETS [(1)] | MTCO2 eq; % pp [(2)] | 46.8 | -3% | -6% | -30% | -25 | -8 | -42% | -37 | -20 |

| | | | 2005 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | Rannchuidiú náisiúnta le sprioc 2030 an Aontais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dul chun cinn i leith spriocanna beartas | Sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in ollídiú fuinnimh deiridh [(1)] | % | 3% | 9% | 11% | 11% | 12% | 16% | 34% |
| | Éifeachtúlacht fuinnimh: ídiú fuinnimh príomha [(1)] | Mtoe | 14.9 | 14.7 | 14.4 | 14.6 | 14.7 | 13.4 | 13.7 |
| | Eifeachtúlacht fuinnimh: ídiú fuinnimh deiridh [(1)] | Mtoe | 12.6 | 11.8 | 11.8 | 12.4 | 12.4 | 11.2 | 11.2 |

| | | | ÉIRE | | | | | | AE | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2018 | 2019 | 2020 |
| Táscairí fioscacha agus airgeadais indicators | Cánacha comhshaoil (% de OIN* le haghaidh IE, % de OTI le haghaidh AE) | % de OIN* | 3.1 | 2.9 | 2.8 | 2.6 | 2.3 | 2.2 | 2.4 | 2.4 | 2.2 |
| | Céanacha comhshaoil (% de chánachas iomlán) | % da chánachas [(3)] | 8.2 | 8.0 | 7.8 | 7.0 | 6.4 | 6.0 | 6.0 | 5.9 | 5.6 |
| | Caiteachais rialtais ar chosaint an chomhshaoil | % de chaiteachas iomlán | 1.56 | 1.62 | 1.57 | 1.56 | 1.56 | 1.39 | 1.66 | 1.70 | 1.61 |
| | Infheistíocht i gcosaint an chomhshaoil | % de OTI [(4)] | 0.21 | 0.19 | 0.18 | 0.19 | - | - | 0.42 | 0.38 | 0.41 |
| | Fóirdheontais bhreoslaí iontaise | EUR2020bn | 2.05 | 2.01 | 1.79 | 1.80 | 1.54 | - | 56.87 | 55.70 | - |
| | Bearna cosanta comhshaoil [(5)] | scór 1-4 | 0.7 as 4 (méadú beag ón leibhéal stairiúil 0.8). Is catagóir ísealriosca é seo (Is ionann 4 agus ardriosca). | | | | | | | | |
| Aeráid | Glanastaíochtaí GCT | 1990 = 100 | 107 | 111 | 117 | 119 | 114 | 106 | 79 | 76 | 69 |
| | Déine astaíochta CGT an gheilleagair | kg/EUR'10 | 0.30 | 0.32 | 0.30 | 0.28 | 0.26 | 0.21 | 0.32 | 0.31 | 0.30 |
| | Déine fuinnimh an gheilleagair | kgoe/EUR'10 | 0.06 | 0.06 | 0.06 | 0.05 | 0.05 | 0.04 | 0.12 | 0.11 | 0.11 |
| Fuinneamh | Ídiú fuinnimh deiridh (FEC) | 2015=100 | 100.0 | 103.8 | 104.6 | 109.4 | 109.3 | 98.7 | 103.5 | 102.9 | 94.6 |
| | FEC in earnáil na bhfoirgneamh cónaithe | 2015=100 | 100.0 | 102.7 | 99.5 | 106.2 | 103.2 | 112.0 | 101.9 | 101.3 | 101.3 |
| | FEC in earnáil na bhfoirgneamh seirbhísí | 2015=100 | 100.0 | 102.4 | 102.2 | 109.7 | 113.1 | 113.7 | 102.4 | 100.1 | 94.4 |
| Truailliú | Déine astaíochtaí réamhtheachtaí toitcheo (go OTI) [(4)] | tonna/EUR'10 [(6)] | 0.74 | 0.75 | 0.71 | 0.66 | 0.58 | - | 0.99 | 0.93 | - |
| | Blianta saoil caillte de dheasca thruailliú an aeir ag PM2.5 | in aghaidh 100.000 inh. | 259 | 254 | 249 | 335 | 322 | - | 863 | 762 | - |
| | Blianta saoil caillte de dheasca thruailliú an aeir ag $NO_2$ | in aghaidh 100.000 inh. | 7 | 12 | 6 | 12 | 8 | - | 120 | 99 | - |
| | Níotráit i screamhuisce | mg $NO_3$/lítear | 14.2 | 12.7 | 12.8 | 12.8 | 14.4 | - | 21.7 | 20.7 | - |
| Bithéagsúlacht | Limistéir thalún faoi chosaint | % den iomlán | - | 13.4 | 13.8 | - | 13.8 | 13.8 | - | 25.7 | 25.7 |
| | Limistéar muirí faoi chosaint | % den iomlán | - | 2.3 | - | - | 2.3 | - | - | 10.7 | - |
| | Talmhaíocht orgánach | % den limistéar talmhaíochta iomlán a úsáidtear | 1.7 | 1.7 | 1.7 | 1.7 | 1.6 | 1.7 | 8.0 | 8.5 | 9.1 |

| | | | 2000-2006 | 2006-2012 | 2012-2018 | 00-06 | 06-12 | 12-18 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bithéagsúlacht | Glantógadh talún | in aghaidh 10,000 km2 | 27.6 | 3.0 | 3.6 | 13.0 | 11.0 | 5.0 |

| | | | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Soghluaisteacht | Déine astaíochta GCT iompair (go OBL) [(7)] | kg/EUR'10 | 2.04 | 2.39 | 2.63 | 2.68 | 2.63 | 2.25 | 0.89 | 0.87 | 0.83 |
| | Sciar feithiclí astaíochtaí nialasacha [(8)] | % i gclárúcháin nua | 0.4 | 0.3 | 0.5 | 1.0 | 3.1 | 4.5 | 1.0 | 1.9 | 5.4 |
| | Líon na bhfeithiclí leictreacha inluchtaithe in aghaidh an phointe luchtaithe | | 1 | 2 | 3 | 5 | 10 | 17 | 8 | 8 | 12 |
| | Sciar na n-iarnród leictrithe | % | 5.7 | 5.7 | 5.7 | 5.3 | 5.3 | - | 55.6 | 56.0 | - |
| | Brú tráchta (meánlíon uaireanta a chaitheann tiománaí comaitéireachta i mbrú tráchta in aghaidh na bliana) | | 32.1 | 34.0 | 35.0 | 35.3 | 36.0 | - | 28.9 | 28.8 | - |

| | | | Bliain | IE | AE |
|---|---|---|---|---|---|
| Digiteach | Sciar na méadar cliste ag na pointí méadraithe ar fad [(9)] - leictreachas | % den iomlán | 2018 | 0.0 | 35.8 |
| | Sciar na méadar cliste ag na pointí méadraithe ar fad [(9)] - gás | % den iomlán | 2018 | 0.0 | 13.1 |
| | TFC a úsáidtear le haghaidh inbhuaineacht chomhshaoil [(10)] | % | 2021 | 67.2 | 65.9 |

(1) Tá sprioc 2030 maidir le astaíochtaí gás ceaptha teasa nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo leagtha síos sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Is iad spriocanna Oiriúnach do 55 na spriocanna atá sa togra ón gCoimisiún chun uaillmhian aeráide an Aontais a mhéadú faoi 2030. Spriocanna maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh agus rannchuidithe náisiúnta faoin Rialachán Rialachais (Rialachán (AE) 2018/1999). (2) Is é an bhearna idir sprioc 2030 na mBallstát faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus na hastaíochtaí réamh-mheasta, agus na bearta atá ann cheana (WEM) agus bearta breise (WAM) faoi seach, mar chéatadán d'astaíochtaí bonnbhliana 2005. (3) Céatadán na n-ioncam iomlán ó chánacha agus ó ranníocaíochtaí sóisialta (gan ranníocaíochtaí sóisialta a áireamh). Áirítear ioncam nach mbaineann trádáil astaíochtaí leis in ioncaim chánach comhshaoil (in 2017 b'ionann iad agus 1.5 % d'ioncam iomlán na cánach comhshaoil ar leibhéal an Aontais). (4) Cumhdaíonn caiteachas na mbanc ollfhoirmiú caipitil sheasta a úsáidfear chun seirbhísí cosanta comhshaoil a tháirgeadh (i.e. truailliú a laghdú agus a chosc) lena gcumhdaítear gach earnáil, i.e. soláthróirí rialtais, tionscail agus speisialaithe. (5) Is cuid den straitéis Eorpach um oiriúnú (Feabhra 2021) é táscaire na bearna cosanta aeráide, agus sainmhínítear é mar an sciar de chaillteanais eacnamaíocha neamhárachaithe de bharr tubaistí a bhaineann leis an aeráid. (6) Ocsaídí sulfair (coibhéis $SO_2$), Amóinia, Cáithnín aeriompartha < 10µm, ocsaídí Nítrigine sa gheilleagar iomlán (arna roinnt de réir OTI). (7) Iompar agus stóráil (NACE Roinn H). (8) Áirítear i measc feithiclí astaíochtaí nialasacha feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí breosla-chille leictreacha. (9) Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach (2019) 'Tagarmharcáil méadrú cliste a chur in úsáid in AE-28'. (10) An Coimisiún Eorpach (2021). Gach bliain, déantar an tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach a athríomh do na tíortha uile sna blianta roimhe sin chun aon athrú a d'fhéadfadh teacht ar rogha na dtáscairí agus ar na ceartúcháin ar na bunsonraí a léiriú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na scóir agus na ranguithe tíortha a bheith difriúil i gcomparáid le foilseacháin a foilsíodh roimhe seo.

***Foinse:*** Eurostat, JRC, an Coimisiún Eorpach, EEA, EAFO

**Ní hamháin go gcuimsítear san aistriú glas feabhas ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, ach áirítear gné shuntasach shóisialta leis freisin.** Cé go n-áirítear leis na bearta i ndáil leis sin an deis chun fás inbhuanaithe agus poist a chruthú, ní mór a áirithiú freisin nach bhfágfar aon duine ar lár agus go mbainfidh gach grúpa sa tsochaí tairbhe as an aistriú sin. Tá geilleagar glas na hÉireann teoranta go fóill agus is féidir fás inbhuanaithe agus cruthú post ardcháilíochta a chothú lena fhorbairt, agus tacaíocht á fáil aige ó infheistíochtaí agus ó athchóirithe atá san áireamh sa RRP. Ag an am céanna, táthar ag súil go mbeidh tionchar níos mó ag an aistriú glas ar ghrúpaí ísealioncaim go meánioncaim.

**D'fhéadfadh dúshláin a bheith mar thoradh ar aistriú glas na hÉireann, rud a fhágann gur gá athoiliúint agus breisoiliúint a chur ar an lucht saothair.** Rinneadh dul chun cinn maidir leis an ngné shóisialta den aistriú glas, go háirithe maidir le laghdú na bochtaineachta fuinnimh a thomhaistear i dtéarmaí an chumais tithe a choimeád te.

**Áirítear i RRP na hÉireann beart chun scileanna glasa a thabhairt d'oibrithe, arb é is aidhm dó a n-infhostaitheacht a fheabhsú.** Cuireann clár freagartha do scileanna téarnaimh SOLAS sa phlean cúrsaí oiliúna ar fáil, i measc nithe eile, maidir le scileanna tógála glasa agus maolú ar an athrú aeráide. Díríonn an scéim ar dhaoine atá dífhostaithe le níos mó ná 6 mhí. I sineirgíocht le RRF, táthar ag súil go gcuideoidh Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an Ciste um Aistriú Cóir tionchar sóisialta an aistrithe a mhaolú. Tá sé beartaithe go dtabharfar an chaibidlíocht idir Éire agus an Coimisiún i gcrích faoi dheireadh na bliana 2022 maidir leis an mbealach is fearr chun úsáid a bhaint as acmhainní CSE+ agus CUAC. I bplean fuinnimh agus aeráide na hÉireann do 2020 tá tagairtí d'aistriú cothrom, lena n-áirítear meitheal a bhunú chun riachtanais aistrithe a aithint i measc cohórt éagsúil oibrithe, gnólachtaí agus pobal. Cé nach gcuirtear tionchar sóisialta, fostaíochta agus scileanna na mbeartas a tíolacadh san áireamh go sainráite, geallann an plean go dtabharfar aghaidh ar thionchar an aistrithe ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin ar mór a lorg carbóin, agus go maolófar ualach na bochtaineachta fuinnimh ar na daoine is leochailí sa tsochaí. Mar sin féin, ní áirítear sa NECP sprioc shonrach maidir le bochtaineacht fuinnimh a laghdú agus tagraíonn sé do fhigiúirí foriomlána atá i mbaol bochtaineachta, ag cur in iúl nach cineál díothachta ar leith in Éirinn í an bhochtaineacht fuinnimh.

**Tá an geilleagar tar éis a lorg carbóin a laghdú, cé go mbeidh dúshláin ag baint leis an aistriú ó fhoinsí fuinnimh atá dian ar charbón.** Tháinig laghdú ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) gheilleagar na hÉireann idir 2015 agus 2020 (ó thaobh oll-bhreisluacha de) agus tá sé ag thart ar 35 % faoi mheán an Aontais, ach tá an lorg carbóin in aghaidh an oibrí, ag 23.19 tona d'astaíochtaí gás ceaptha teasa, fós sách ard (13.61 san Aontas) (féach Graif A6.1). Ar na hearnálacha ina bhfuil meath ag teacht orthu a bhaineann le geilleagar na hÉireann, tá táirgeadh fuinnimh bunaithe ar mhóna agus ar bhreosla iontaise ([40]). In ainneoin sciar sách íseal d'oibrithe i dtionscail dianfhuinnimh (1.39 % i gcomparáid le 3.06 % san Aontas), meastar go mbeidh tionchar ag aistriú na hÉireann ó fhoinsí fuinnimh atá dian ar charbón i dtreo foinsí níos inbhuanaithe, beidh tionchar ag foinsí fuinnimh in-athnuaite ar phoist i réigiún Lár na Tíre agus ina thionscal ginte leictreachais, agus tá tábhacht ar leith ag baint le huas-sciliú agus le hathoiliúint an lucht saothair ([41]). Tá fostaíocht in earnáil na n-earraí agus na seirbhísí comhshaoil fós íseal (1.7 % i gcomparáid le 2.2 % san Aontas) ([42]) agus tá deiseanna breise le haghaidh poist ghlasa ann maidir leis an bhféidearthacht atá ag an ngaoth agus ag an ngrianfhuinneamh, mar aon le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. D'fhéadfadh dúshláin a bheith mar thoradh ar aistriú glas na hÉireann, rud a fhágann gur gá athoiliúint agus breisoiliúint a chur ar an lucht saothair. Déantar ganntanais lucht saothair in earnálacha a bhaineann leis an aistriú glas a thuairisciú in earnáil na tógála agus an fhuinnimh (Eurofound, 2021).


---

([40]) SWD(2021) 275 final.

([41]) An Seimeastar Eorpach 2020: Forléargas ar an Treoir Infheistíochta maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir 2021-2027 in aghaidh an Bhallstáit (Iarscríbhinn D).

([42]) Faoi láthair, níl aon sainmhíniú coiteann ar phoist ghlasa ar fud an Aontais. Ní dhéanann an éicithionscal tuairisciú ach ar earnáil eacnamaíoch a ghineann táirgí comhshaoil, i.e. earraí agus seirbhísí a tháirgtear chun críocha chosaint an chomhshaoil nó chun acmhainní a bhainistiú.

Graf A6.1:**Dúshláin chóra ghlais maidir leis an aistriú**





Is iad na huimhreacha an fheidhmíocht táscairí normalaithe, rud a léiríonn fachtóirí i gcomparáid le meán AE27.
Neamhionannas carbóin: meánastaíochtaí per capita barr 10 % i gcoinne bun 50 % (2019)
***Foinse:*** Eurostat, Bunachar Sonraí um Neamhionannas Domhanda

**Maidir leis an ngné shóisialta den aistriú glas, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí riachtanacha iompair agus fuinnimh a chinntiú, tá Éire ag dul chun cinn go suntasach le blianta beaga anuas.** Tá sciar an daonra atá i mbaol na bochtaineachta i gceantair thuaithe íseal go leor (15 % i gcomparáid le 18.7 % san Aontas) agus tá sé ag laghdú (ó 18.3 % in 2015) ([43]). Tháinig laghdú suntasach, ó 9 % in 2015 go 3.3 % in 2020, ar an sciar den daonra nach raibh in ann a dtithe a choinneáil te go leor, titim atá faoi bhun mheán an Aontais (8.2 %). Is iad na grúpaí meánioncaim is mó a bhíonn thíos leis (féach Graif A6.2). Bíonn éagsúlacht i bpatrúin tomhaltais ar fud an daonra; is é meánlorg carbóin an 10 % is mó astaírí thart ar 6 oiread den daonra ag bun an 50 % den daonra (5.3 oiread san Aontas).

**Tá córais chánach ríthábhachtach chun aistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú ([44]).** Thit ioncam na hÉireann ó na cánacha comhshaoil iomlána ó 3.1 % den OIN* in 2015 go 2.2 % den OIN* in 2020 (i gcoinne mheán an Aontais, arb é 2.24 % den OTI in 2020). Tháinig méadú beag ar an ding chánach do thuilleoirí ar ioncam íseal ([45]) ó 20.5 % in 2015 go 21.4 % in 2021, i gcomparáid le 31.9 % san Aontas in 2021 (féach Iarscríbhinn 18). Tá an fhéidearthacht ag bearta athdháilte lena ngabhann cánachas comhshaoil chun dul chun cinn a chothú agus chun tionchar dearfach a bheith acu ar ioncam indiúscartha teaghlaigh atá sna ranna is ísle den dáileadh ioncaim ([46]).

Graf A6.2:**Bochtaineacht fuinnimh de réir deicíl ioncaim**




***Foinse:*** Eurostat

(43) Mar ionadú do dhúshláin fhéideartha iompair i gcomhthéacs an aistrithe ghlais (féach COM(2021) 568 final).

(44) COM(2021) 801 final.

(45) Ding chánach do thuilleoir aonair ag 50 % den mheánphá náisiúnta (bunachar sonraí cánach agus sochar, an Coimisiún Eorpach/ECFE).

(46) SWD(2021) 641 final CUID 3/3, maidir le héifeachtaí dáileacháin an athbhreithnithe ar chánachas fuinnimh, bunaithe ar shamhlacha Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh GEM-E3 agus EUROMOD.

**Tá úsáid éifeachtúil acmhainní ríthábhachtach chun iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte a áirithiú, agus an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú ag an am céanna**. Is iontach an deis d'earnáil na tionsclaíochta san Eoraip atá san aistriú glas, mar is aistriú é a chruthaíonn margaí le haghaidh teicneolaíochtaí agus táirgí glana. Rachaidh sé i bhfeidhm fud fad na slabhraí luacha in earnálacha ar nós an fhuinnimh agus an iompair, na tógála agus an athchóirithe, an bhia agus na leictreonaice, agus is cúnamh a bheidh iontu chun poist áitiúla inbhuanaithe lena ngabhfaidh tuarastal maith a chruthú i ngach cearn den Eoraip.

**Ó tharla nár bhain an ráta úsáide ciorclach ábhar 2 % amach le blianta beaga anuas, gan ach 1.8 % a bheith i gceist in 2020 (i gcomparáid le meán an Aontais arb é 12.8 %), taispeánann Éire an dara feidhmíocht is measa san Aontas.** Cé go bhfuil struchtúr an gheilleagair intíre agus suíomh na tíre mar oileán ar imeall geografach an Aontais ar cheann de na tosca a mhíníonn an cás seo, bhí beartas rialtais tiomnaithe in easnamh go dtí le déanaí. Tá sé mar aidhm ag Straitéis Uile-Gheilleagair Chiorclaigh an Rialtais 2021 feabhas suntasach a chur ar ráta úsáide ábhair chiorclaigh na hÉireann ionas gur féidir leis ardú os cionn mheán an Aontais faoi dheireadh na ndeich mbliana seo.

**Tá feabhas nach beag tagtha ar tháirgiúlacht acmhainní na hÉireann le deich mbliana anuas, mar gheall ar fhás an-dinimiciúil OTI, agus d'fhan tomhaltas ábhair intíre cothrom go bunúsach**. Tá a fheidhmíocht i bhfad níos fearr ná meán an Aontais (2.82 pp a ghintear in aghaidh an kg den ábhar a thomhlaítear, i gcomparáid le meán an Aontais de 2.23 pointe céatadáin in aghaidh an kg in 2020), ach ba cheart a bheith cúramach ina leith sin: fágann láithreacht thar a bheith láidir cuideachtaí ilnáisiúnta i ngeilleagar na hÉireann go gcuirtear ar míthreoir ionadaíocht a dhéanamh ar chastacht na gníomhaíochta eacnamaíche le táscaire ceannlíne amháin amhail OTI. Baineann táscaire malartach arna cheapadh ag an oifig náisiúnta staidrimh (an 'Ollioncam Náisiúnta modhnaithe') le thart ar 60 % den phríomhfhigiúr OTI, agus sa chás sin tá feidhmíocht na hÉireann gar do mheán an Aontais.

**Tá laghdú tagtha ar ghiniúint dramhaíola per capita in Éirinn ó bhí 2016 ann**. Idir an dá linn, léiríonn méadú OTI agus daonra araon treocht dhíchúplála idir fás eacnamaíoch na hÉireann agus giniúint dramhaíola. D'fhéadfadh cur chun feidhme dian agus nuashonrú eile an Chláir náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl cuid den treocht dhearfach sin a mhíniú. Mar sin féin, tá an ráta athchúrsála go mór faoi bhun mheán an Aontais. Ina fhianaise sin, i mí na Samhna 2021, d'fhoilsigh Éire plean gníomhaíochta aeráide, lena n-áirítear spriocanna sonracha, e.g. laghduithe ar dhramhaíl tí, úsáid líonta talún, plaistigh agus cur amú bia, agus socraíonn sí spriocanna athchúrsála do dhramhaíl chathrach, phlaisteach agus phacáistíocht.

**Chun aistriú rathúil chuig geilleagar ciorclach a bhaint amach, tá gá le nuálaíocht shóisialta agus theicneolaíoch mar nach féidir lánacmhainneacht na hÉireann maidir leis an ngeilleagar ciorclach a bhaint amach ach amháin má chuirtear i bhfeidhm í ar fud na slabhraí luacha ar fad.** Dá bhrí sin, tá an éiceanuálaíocht ina ghné thábhachtach chumasúcháin don gheilleagar ciorclach. Is féidir le cineálacha cur chuige maidir le dearadh táirgí agus samhlacha nua gnó cabhrú le nuálaíochtaí ciorclacha sistéamacha a tháirgeadh, rud a chruthóidh deiseanna nua gnó. Bhí an tír rangaithe sa 14ú háit san Aontas Eorpach, 109 á scóráil aici i Scórchlár Éiceanuálaíochta 2021, rud a fhágann gur meánstádas feidhmíochta éiceanuálaíochta í an tír sin. In dhá cheann as cúig chomhpháirt d'innéacs éiceanuálaíochta 2021, feidhmíonn Éire os cionn mheán an Aontais, mar atá na gníomhaíochtaí éiceanuálaíochta agus na torthaí ar éifeachtúlacht acmhainní. Mar sin féin, tá a fheidhmíocht faoi bhun mheán an Aontais Eorpaigh maidir le hionchuir éiceanuálaíochta, aschuir éiceanuálaíochta agus aschuir shocheacnamaíocha.

Tábla A7.1:**Táscairí atá roghnaithe maidir le héifeachtúlacht acmhainní**

| FORÉIMSE BEARTAIS | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | AE27 | An bhliain is déanaí AE 27 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ciorclacht | | | | | | | | |
| Táirgiúlacht Acmhainne (Caighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) /kg) | 2,4 | 2,3 | 2,3 | 2,4 | 2,4 | 2,8 | 2,2 | 2020 |
| Déine ábhair (kg/EUR) | 0,4 | 0,4 | 0,4 | 0,4 | 0,4 | 0,4 | 0,4 | 2020 |
| Ráta úsáide ciorclach an ábhair (%) | 1,9 | 1,7 | 1,7 | 1,6 | 1,6 | 1,8 | 12,8 | 2020 |
| Lorg an ábhair (Tonaí/capita) | 16,0 | 18,0 | 18,4 | 20,2 | 24,1 | - | 14,6 | 2019 |
| Dramhaíl | | | | | | | | |
| Táirgeacht dramhaíola (kg/capita, dramhail iomlán) | - | 3207 | - | 2874 | - | - | 5234 | 2018 |
| Líonadh talún (% na dramhaíola iomláine a chóireáiltear) | - | 24,9 | - | 17,1 | - | - | 38,5 | 2018 |
| Ráta athchúrsála (% na dramhaíola cathrach) | - | 40,7 | 40,4 | 37,6 | 37,4 | 40,4 | 47,8 | 2020 |
| Dramhaíl ghuaiseach (% na dramhaíola cathrach) | - | 3,5 | - | 4,5 | - | - | 4,3 | 2018 |
| Iomaíochas | | | | | | | | |
| Oll-bhreisluach earnáil na n-earraí agus na seirbhísí comhshaoil (% OTI) | 0,7 | 0,8 | 0,9 | 0,9 | 0,9 | - | 2,3 | 2019 |
| Infheistíocht phríobháideach sa gheilleagar ciorclach (% OTI) | - | - | - | - | - | - | 0,1 | 2018 |

Foinse: Eurostat

***Foinse:*** Eurostat

**Déanann an tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach faireachán ar dhul chun cinn digiteach Bhallstáit an Aontais.** Is léiriú iad réimsí an chaipitil dhaonna, na nascachta digití, comhtháthú na dteicneolaíochtaí digiteacha ag gnólachtaí agus seirbhísí poiblí digiteacha ar cheithre phointe chártaíochta na nDeich mBliana Dhigitigh ([47]). Tugann an Iarscríbhinn seo tuairisc ar fheidhmíocht an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach na hÉireann.

**In ainneoin go bhfuil clúdach airgeadais measartha beag (EUR 989 milliún) i RRP na hÉireann, tá bearta chun tacú leis an gclaochlú digiteach san áireamh ann.** Is ionann na bearta sin agus 32 % de leithdháileadh airgeadais an phlean agus baineann siad le gach gné den Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, le béim ar leith ar dhigitiú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí agus ar ghnólachtaí agus ar scileanna digiteacha a fheabhsú ([48]).

**Tá scór ard ag Éirinn maidir le gach táscaire sa ghné den Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach maidir le caipiteal daonna**. In Éirinn, tá an sciar den daonra ag a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha agus céatadán na speisialtóirí TFC agus na speisialtóirí baineann TFC os cionn mheán an Aontais.

**Éiríonn go maith le hÉirinn i réimse na nascachta**. Mar shampla, tá scór na hÉireann os cionn mheán an Aontais Eorpaigh i gclúdach leathanbhanda seasta (snáithín optúil) agus gan sreang (5G), ach tá sannadh an speictrim 5G íseal (29 % i gcomparáid le meán an Aontais, arb é 56 %) ([49]).

**Tá an teicneolaíocht dhigiteach comhtháite go maith ag Éirinn**. Tá sciar na bhfiontar beag agus meánmhéide, a bhfuil ar a laghad bunleibhéal déine digití acu, os cionn mheán an Aontais. Tá gnólachtaí in Éirinn go maith ag baint tairbhe as na teicneolaíochtaí digiteacha atá ar fáil. Mar shampla, tá an úsáid a bhaintear as mórshonraí agus néal os cionn mheán an Aontais agus baineann Éire úsáid as an intleacht shaorga chomh mór céanna le tíortha eile an Aontais ar an meán.

**Tá seirbhísí poiblí na hÉireann an-digitithe**. Is fíor sin i gcás na seirbhísí a chuirtear ar fáil do ghnólachtaí agus don phobal i gcoitinne.

([47]) Compás Digiteach 2030: An Modh Eorpach i dTeachtaireacht na nDeich mBliana Digiteacha, COM(2021) 118 final.

([48]) Rinneadh an sciar den leithdháileadh airgeadais a rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha a ríomh trí úsáid a bhaint as Iarscríbhinn VII de Rialachán RRF.

([49]) Foinse: An Coiste Cumarsáide (COCOM) bunaithe ar iDate.

Tábla A8.1:**Príomhthascairí an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach**

| <u>Caipiteal Daonna</u> | Éire<br>IGDSD 2020 | IGDSD 2021 | IGDSD 2022 | AE<br>IGDSD 2022 | Barr-fheidhmíocht AE<br>IGDSD 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Scileanna digiteacha bunúsacha ar a laghad** | **NA** | **NA** | **70%** | **54%** | **79%** |
| % na ndaoine aonair | | | 2021 | 2021 | 2021 |
| **Speisialtóirí TFC** | **4,9%** | **5,7%** | **6,3%** | **4,5%** | **8,0%** |
| % na ndaoine i bhfostaíocht idir aois 15-74 | 2019 | 2020 | 2021 | 2021 | 2021 |
| **Speisialtóirí TFC mná** | **21%** | **21%** | **20%** | **19%** | **28%** |
| % na speisialtóirí TFC | 2019 | 2020 | 2021 | 2021 | 2021 |
| <u>**Nascacht**</u> | | | | | |
| **Clúdach líonra fíor-ardacmhainneachta feistithe** | **35%** | **83%** | **89%** | **70%** | **100%** |
| % na dteaghlach | 2019 | 2020 | 2021 | 2021 | 2021 |
| **Clúdach 5G** | **NA** | **30%** | **72%** | **66%** | **99,7%** |
| % na gceantar ina bhfuil daonra | | 2020 | 2021 | 2021 | 2021 |
| <u>**Comhtháthú na teicneolaíochta digití**</u> | | | | | |
| **FBManna a bhfuil ar a laghad bunleibhéal déine digití acu** | **NA** | **NA** | **64%** | **55%** | **86%** |
| % FBManna | | | 2021 | 2021 | 2021 |
| **Mórshonraí** | **20%** | **23%** | **23%** | **14%** | **31%** |
| % na bhfiontar | 2018 | 2020 | 2020 | 2020 | 2020 |
| **Néal** | **NA** | **NA** | **47%** | **34%** | **69%** |
| % na bhfiontar | | | 2021 | 2021 | 2021 |
| **Intleacht shaorga** | **NA** | **NA** | **8%** | **8%** | **24%** |
| % na bhfiontar | | | 2021 | 2021 | 2021 |
| <u>**Seirbhísí poiblí digiteacha**</u> | | | | | |
| **Seirbhísí poiblí digiteacha do shaoránaigh** | **NA** | **NA** | **80** | **75** | **100** |
| Scór (0 go 100) | | | 2021 | 2021 | 2021 |
| **Seirbhísí poiblí digiteacha do ghnólachtaí** | **NA** | **NA** | **100** | **82** | **100** |
| Scór (0 go 100) | | | 2021 | 2021 | 2021 |

(*) Ní dhéanann an táscaire clúdaigh 5G taithí na n-úsáideoirí a thomhas, a bhféadfadh éagsúlacht fachtóirí difear a dhéanamh dóibh, amhail an cineál feiste a mbaintear úsáid as, coinníollacha comhshaoil, líon na n-úsáideoirí comhthráthacha agus acmhainn líonra. Tagraíonn clúdach 5G don chéatadán de limistéir daonra arna dtuairisciú ag oibreoirí agus ag údaráis rialála náisiúnta.
***Foinse:*** An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach

**Tugann an Iarscríbhinn seo forléargas ginearálta ar fheidhmíocht chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann.**

**In eagrán 2021 de Scórchlár Eorpach Nuálaíochta ([50]), tá Éire fós ina cuid de ghrúpa láidir lucht déanta nuálaíochta, cé go bhfuil rangú na tíre sin tite le blianta beaga anuas.** In ainneoin córas T&N atá sách forbartha, tá Éire fós thíos le déine íseal T&F ([51]). Léirítear bonn láidir eolaíochta poiblí sa leibhéal foilseachán ar ardchaighdeán, céimithe nua san eolaíocht agus san innealtóireacht, agus fostaíocht i gcuideachtaí atá ag fás go tapa. Tá laigí fós ann, áfach, i maoiniú T&F, rud nach bhfuil ag an leibhéal a bhfuiltear ag súil leis do gheilleagar ag céim forbartha na hÉireann. Tá déine T&F ar treocht laghdaitheach ó 2010 i leith, agus tá déine T&F an phobail, ag 0.32 %, ar cheann de na déine is ísle san Aontas. Cé go dtugann an creidmheas cánach tacaíocht luachmhar do chaiteachas gnó ar T&F agus go bhfuil sé níos tarraingtí do FBManna de bharr athruithe, d'fhéadfadh tosaíocht níos mó d'ionstraimí maoinithe dhírigh cabhrú le taighde agus nuálaíocht a spreagadh agus táirgiúlacht ghnólachtaí na hÉireann a fheabhsú, go háirithe FBManna.

**Is féidir a bheith ag súil leis go gcuirfidh na leasuithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le RRP na hÉireann le déine iomlán T&F a mhéadú**. Baineann an beart de Mhórdhúshlán Náisiúnta úsáid as samhail chistiúcháin atá bunaithe ar dhúshláin chun tacú le tionscadail taighde agus nuálaíochta agus dreasaíonn sé taighdeoirí chun díriú ar thionscadail a d'fhéadfadh cur leis na hearnálacha aeráide, cúraim sláinte, digiteacha agus talmhaíochta, agus an t-aistriú glas agus digiteach a éascú.

(50) Scórchlár Nuálaíochta Eorpach 2021, Próifíl tíre: Éire

https://ec.europa.eu/docsroom/documents/45919

(51) Níor tháinig Éire ach sa 19ú háit san Aontas in 2020 maidir le déine T&F a tomhaiseadh i gcoinne OTI, cé go bhfuil tionchar ag saincheisteanna a bhaineann le comhdhéanamh agus tomhas OTI na hÉireann air seo. Maidir le OIN modhnaithe (OIN*), a eisiann saobhadh ó ghnólachtaí atá faoi úinéireacht eachtrach, tá déine T&F de 2.20 % ag Éirinn.

Tábla A9.1:**Príomhtháscairí taighde, forbartha agus nuálaíochta**

| **Éire** | **2010** | **2015** | **2018** | **2019** | **2020** | **Fás iolraithe bliantúil 2010-20** | **Meán AE** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí** | | | | | | | |
| Dlús T&F (Olchaiteachas intíre ar T&F mar % OTI) | 1.60 | 1.18 | 1.17 | 1.23 | *1.23* | -2.5 | *2.32* |
| Caiteachas poiblí a T&F mar % OTI | 0.50 | 0.33 | 0.32 | 0.31 | *0.32* | -4.3 | *0.78* |
| Caiteachas fiontar gnó ar T&F mar % OTI | 1.10 | 0.85 | 0.85 | 0.91 | *0.91* | -1.8 | *1.53* |
| **Cáilíocht an chórais taighde agus nuálaíochta** | | | | | | | |
| Foilseacháin eolaíocha na tíre laistigh den 10% d'fhoilseacháin eolaíochta is mó a luaitear mar % d'fhoilseacháin uile na tíre | 11.5 | 12.4 | 11.4 | : | : | -0.2 | 9.9 |
| Iarratais ar phaitinní faoin gConradh um Dhlí na bPaitinní in aghaidh an bhilliúin OTI (i CCC) | 2.6 | 1.8 | : | : | : | -6.3 | 3.5 |
| **Comhar acadaimh agus gnó** | | | | | | | |
| Comhfhoilseacháin eolaíocha poiblí-príobháideacha mar % de na foilseacháin uile | 7.9 | 10.4 | 10.6 | 9.5 | 9.1 | 1.5 | 9.05 |
| **Caipiteal daonna agus acmhainní scileanna** | | | | | | | |
| Nua-chéimithe eolaíochta agus innealtóireachta in aghaidh 1,000 duine ó 25-34 | 17.8 | 18.2 | 21.6 | 24.1 | **:** | 9.8 | 16.3 |
| **Tacaíocht phoiblí le haghaidh caiteachas fiontar gnó ar T&F** | | | | | | | |
| Caiteachas iomlán na hearnála poiblí le haghaidh caiteachas fiontar gnó ar T&F mar % OTI | 0.18 | 0.316 | 0.149 | 0.213 | : | 1.9 | 0.196 |
| Dreasachtaí cánach T&F: ioncaim tharscaoilte mar % OTI | 0.134 | 0.269 | 0.109 | 0.177 | **:** | 3.2 | 0.100 |
| **Nuálaíocht ghlas** | | | | | | | |
| Sciar na bpaitinní a bhaineann leis an gcomhshaol in iomlán na n-iarratas ar phaitinní a cuireadh isteach faoin gConradh um Dhlí na bPaitinní (%) | 9.1 | 9.0 | 8.1 | : | : | -1.6 | 12.8 |
| **Maoiniú le haghaidh nuálaíochta agus athnuachan eacnamaíoch** | | | | | | | |
| Caipteal fiontair (staitisticí margaidh) mar % OTI | 0.042 | 0.044 | 0.072 | 0.060 | 0.076 | 6.2 | 0.054 |
| Fostaíocht sna fiontair is gasta fás sa 50% d'earnálacha is mó nuálaíocht | 6.6 | 7.1 | 10.8 | 10.8 | : | 5.7 | 5.5 |

Foinse: AS an Taighde agus na Nuálaíochta - Comhsheirbhís Straitéise agus Réamhaisnéise T&N - Aonad an Phríomheacnamaí
Sonraí: Eurostat, OECD, DG JRC, Science-Metrix (bunachar sonraí Scopus agus bunachar sonraí paitinní staitistiúil OEP), Invest

***Foinse:*** Eurostat, OECD, DG JRC, Science-Metrix (bunachar sonraí Scopus agus bunachar sonraí Staidrimh Paitinní EPO), Invest Europe

**Tá fás na táirgiúlachta ríthábhachtach don rathúnas eacnamaíoch, don fholláine agus don chóineasú san fhadtéarma.** Margadh aonair dea-fheidhmiúil is ea mórfhoinse táirgiúlachta do gheilleagar an Aontais, ina n-áirithítear iomaíocht chothrom agus éifeachtach agus timpeallacht atá fabhrach do ghnó, inar féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) feidhmiú agus nuáil gan deacracht. Tá gnólachtaí agus tionscal ag brath go mór ar shlabhraí soláthair láidre agus tá scrogaill ag bagairt orthu a mbíonn tionchar diúltach acu ar leibhéil táirgiúlachta, ar fhostaíocht agus ar láimhdeachas gnólachtaí agus ar rátaí iontrála/imeachta. D'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar chumas na mBallstát athrú glas agus digiteach na hEorpa a bhaint amach.

